**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0178/2020**

5.10.2020

# TUARASCÁIL

le moltaí don Choimisiún i leith Réimeas dliteanais shibhialta le haghaidh intleacht shaorga

(2020/2014(INL))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Axel Voss

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)



*Aontaithe san éagsúlacht*

PR_INL

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ MIONSONRAITHE CHUN RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE DLITEANAS I gCOMHAIR OIBRIÚ CÓRAS INTLEACHTA SAORGA A THARRAINGT SUAS .........................................................................14

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................36

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA.............................................................................................40

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT .........................47

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................54

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH...........................55

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**le moltaí don Choimisiún i leith Réimeas dliteanais shibhialta le haghaidh intleacht shaorga**
**(2020/2014(INL))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Threoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha,

– ag féachaint do Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach ('an Treoir maidir le Cleachtais Trádála Éagothroma')[1] agus Treoir 2011/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí[2], chomh maith le rialacha eile maidir le cosaint do thomhaltóirí,

– ag féachaint do Rialachán (CE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1488 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2018 maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú[4],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar[5],

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus do Threoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialacháin Níos Fearr[6],

– ag féachaint don togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2018 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach do thréimhse 2021-2027 (COM(2018)0434),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 maidir le hIntleacht

[1] IO L 149, 11.6.2005, lch. 22.
[2] IO L 304, 22.11.2011, lch. 64.
[3] IO L 117, 5.5.2017, lch. 1.
[4] IO L 252, 8.10.2018, lch. 1.
[5] IO L 136, 22.5.2019, lch. 1.
[6] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

Shaorga don Eoraip (COM(2018)0237),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2018 maidir le Plean Comhordaithe um Intleacht Shaorga (COM(2018)0795),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 maidir le Muinín a Chothú san Intleacht Shaorga Duine-Lárnaithe (COM(2019)0168),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais na hIntleachta Saorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus na róbataice (COM(2020)0064),

– ag féachaint do Pháipéar Bán ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'An Intleacht Shaorga - Cur chuige Eorpach atá dírithe ar bharr feabhais agus ar mhuinín' (COM(2020)0065),

– ag féachaint do rún an 16 Feabhra 2017 uaithi le moltaí don Choimisiún maidir le Rialacha an Dlí Shibhialta i leith na Róbataice[7],

– ag féachaint do rún an 1 Meitheamh 2017 uaithi maidir le tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú[8],

– ag féachaint do rún an 12 Meán Fómhair 2018 uaithi maidir le córais arm uathrialaitheach[9],

– ag féachaint do rún an 12 Feabhra 2019 uaithi maidir le beartas tionsclaíoch cuimsitheach Eorpach i dtaca leis an intleacht shaorga agus an róbataic[10],

– ag féachaint do rún an 12 Feabhra 2020 uaithi maidir le Próisis chinnteoireachta uathoibrithe: cosaint tomhaltóirí agus saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a áirithiú[11],

– ag féachaint do thuarascáil an 8 Aibreán 2019 ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga dar teideal 'Treoirlínte Eitice le haghaidh Intleacht Shaorga Iontaofa',

– ag féachaint do thuarascáil an 8 Aibreán 2019 ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga dar teideal 'Sainmhíniú ar an Intleacht Shaorga: Príomhacmhainneachtaí agus Disciplíní',

– ag féachaint do thuarascáil an 26 Meitheamh 2019 ón nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga dar teideal 'Moltaí beartais agus infheistíochta le haghaidh Intleacht Shaorga iontaofa',

– ag féachaint do thuarascáil an 21 Samhain 2019 ón nGrúpa Saineolaithe ar Dhliteanais

[7] IO C 252, 18.7.2018, lch. 239.
[8] IO C 307, 30.8.2018, lch. 163.
[9] IO C 433, 23.12.2019, lch. 86.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0081.
[11] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0032.

agus ar Nuatheicneolaíochtaí (Foghrúpa na Nuatheicneolaíochtaí) dar teideal 'Dliteanas don Intleacht Shaorga agus teicneolaíochtaí digiteacha eile atá ag teacht chun cinn',

– ag féachaint d'Fhaisnéisiú Beartais STOA de chuid Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, a foilsíodh i Meitheamh 2016, maidir le machnamh dlíthiúil agus eiticiúil i dtaca leis an róbataic,

– ag féachaint don Staidéar a rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha i bParlaimint na hEorpa, dar dáta Deireadh Fómhair 2016, don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla dar teideal 'Rialacha Eorpacha sa Dlí Sibhialta maidir leis an Róbataic',

– ag féachaint do Rialacha 47 agus 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0178/2020),

A. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach déach ag coincheap an 'dliteanais' inár saol ó lá go lá: ar lámh amháin, áirithíonn sé go bhfuil duine a d'fhulaing díobháil nó damáiste i dteideal cúiteamh a éileamh agus a fháil ón bpáirtí a bhfuil sé cruthaithe ina leith gurb é nó gurb í atá faoi dhliteanas don díobháil nó don damáiste sin, agus ar an lámh eile, tugann sé dreasacht eacnamaíoch do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha gan a bheith ina gcúis le díobháil nó damáiste ar an gcéad dul síos nó an baol go mbeidh orthu cúiteamh a íoc a phraghsáil isteach ina n-iompraíocht;

B. de bhrí go gcaithfidh aon chreat dliteanais atá dírithe ar an todhchaí muinín a chothú i sábháilteacht, iontaofacht agus comhleanúnachas na dtáirgí agus na seirbhísí, lena n-áirítear sa teicneolaíocht dhigiteach, chun cóimheá a aimsiú idir cosaint éifeachtach agus chothrom a thabhairt dóibh siúd a d'fhéadfadh díobháil nó damáiste a fhulaingt agus, ag an am céanna, saoirse a ndóthain a thabhairt dóibh chun go mbeadh sé indéanta ag fiontair, agus go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt; de bhrí go gcabhróidh sé seo le muinín a fhorbairt agus cobhsaíocht a chruthú don infheistíocht; de bhrí, i deireadh thiar, gurb é an sprioc ba cheart a bheith ag aon chreat dliteanais ná deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do na páirtithe uile, bíodh na páirtithe sin ina dtáirgeoir, ina n-oibreoir, ina nduine dá ndéantar difear nó in aon thríú páirtí eile;

C. de bhrí gur féidir leis an gcóras dlí i mBallstát a chuid rialacha dliteanais a choigeartú i gcás gníomhaithe áirithe nó gur féidir leis iad a dhéanamh níos déine le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe; de bhrí go bhfágann diandliteanas gur féidir le páirtí a bheith faoi dhliteanas in ainneoin gan aon locht a bheith suite; de bhrí gurb é an gnáthamh in go leor dlíthe torta náisiúnta é go mbíonn an cosantóir faoi dhiandliteanas má éiríonn díobháil nó damáiste as riosca atá cruthaithe ag an gcosantóir don phobal, faoi mar a bhíonn i gcás carranna nó gníomhaíochtaí guaiseacha, nó ar riosca é nach bhfuil sé nó sí in ann smacht a bheith aige nó aici air, amhail i gcás ainmhithe;

D. de bhrí gur cheart, sula ndéanfar aon reachtaíocht Aontais amach anseo a mbeidh sé mar sprioc léi dliteanas a shannadh i ndáil le córais Intleachta Saorga (IS), go dtarlódh anailís agus comhairliúchán leis na Ballstáit ar dtús i dtaobh a mhéid atá an gníomh

reachtach atá beartaithe ag comhlíonadh dálaí eacnamaíochta, dlíthiúla agus sóisialta;

E. de bhrí gur cheart go mbeadh an tsaincheist i dtaobh réimeas dliteanais shibhialta do IS ina ábhar do dhíospóireacht phoiblí níos leithne, agus aird á tabhairt ar na leasanna atá i gceist, go háirithe gnéithe eitice, dlíthiúla, eacnamaíocha agus sóisialta, ionas go seachnófar aon mhíthuiscintí agus aon bhuarthaí gan bhunús a d'fhéadfadh an teicneolaíocht sin a chothú i measc na saoránach; de bhrí gur cheart go mbeadh sé ina réamhriachtanas d'aon chéimeanna reachtacha eile go ndéanfaí, i measúnú tionchair, scrúdú cúramach ar na hiarmhairtí a bheidh ag aon chreat rialála nua ar na gníomhaithe go léir;

F. de bhrí go gcuimsíonn coincheap na gcóras IS grúpa mór teicneolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear staidreamh, meaisínfhoghlaim agus domhainfhoghlaim;

G. de brí go bhféadfadh sé tarlú tríd an téarma 'cinnteoireacht uathoibrithe' a úsáid go seachnófaí an débhrí fhéideartha a ghabhann leis an téarma IS; de bhrí gurb é atá i gceist leis an gcoincheap 'cinnteoireacht uathoibrithe' ná go ndéanann úsáideoir cinneadh a tharmligean ar dtús, bíodh sin go páirteach nó go hiomlán, chuig eintiteas trí bhíthin úsáid a bhaint as bogearra nó seirbhís; de bhrí go ndéanann an t-eintiteas sin ansin samhlacha cinnteoireachta a fhorghníomhaítear go huathoibríoch a úsáid chun gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann úsáideora, nó chun bheith mar threoir do chinntí an úsáideora i ndéanamh gníomhaíochta;

H. de bhrí go gcothaíonn córais IS áirithe dúshláin dhlíthiúla shuntasacha don chreat dliteanais atá cheana ann agus go bhféadfadh staideanna leanúint astu sin atá chomh teimhneach go mbeadh sé thar a bheith costasach nó fiú amháin dodhéanta a shainaithint cé aige nó aici a bhí smacht ar an riosca a ghabhann leis an gcóras IS nó cén cód, ionchur nó sonraí a bhí ina gcúis faoi dheoidh leis an oibríocht dhíobhálach; de bhrí go bhféadfadh an imthoisc sin é a dhéanamh níos deacra an nasc idir an díobháil nó damáiste agus an iompraíocht is cúis léi nó leis a shainaithint, agus gurb é an toradh a bheadh air sin ná go bhféadfadh sé nach bhfaigheadh íospartaigh cúiteamh leormhaith;

I. de bhrí go n-éiríonn dúshláin dhlíthiúla freisin as an lúdracht idir córas IS agus córais IS eile agus córais neamh-IS, trína spleáchas ar shonraí seachtracha, trína n-íogaireacht i leith sáruithe cibearshlándála agus freisin as an dearadh mar thoradh ar córais IS atá ag fáil níos uathrialaí a úsáid, *inter alia*, meaisínfhoghlaim agus domhainfhoghlaim;

J. de bhrí gur féidir le caighdeáin fhónta eiticiúla le haghaidh córais IS, i dteannta nósanna imeachta cúitimh atá fuaimintiúil agus cothrom, cabhrú le dul i ngleic leis na dúshláin dhlíthiúla sin agus gur féidir leo deireadh a chur leis an mbaol nach mbeadh úsáideoirí chomh toilteanach céanna glacadh le teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn; de bhrí gurb é a éireoidh as nósanna imeachta um chúiteamh cothrom ná gur cheart an leibhéal céanna cosanta a bheith ag gach duine a fhulaingíonn díobháil arna cúisiú ag córais IS, nó ar córais IS a dhéanann damáiste dá maoin, agus a bheadh ar fáil do dhaoine i gcásanna nach raibh aon bhaint ag córas IS leo; de bhrí go gcaithfidh an t-úsáideoir a bheith cinnte de i gcás aon damáiste a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar chóras atá ag úsáid IS go mbeidh sé clúdaithe le hárachas leormhaith agus go bhfuil bealach chun sásaimh ann atá sainithe le dlí;

K. de bhrí gur coinníoll bunriachtanach d'fhorbairt agus nuáil fhuinniúil na teicneolaíochta

IS-bhunaithe atá sa deimhneacht dhlíthiúil, go háirithe i gcás fiontair nuathionscanta, micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, faoi mar atá ina fheidhmiú phraiticiúil sa saol ó lá go lá; de bhrí go bhfuil an ról ríthábhachtach atá ag fiontair nuathionscanta, micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ina bhonn cirt le cur chuige atá go hiomlán cionmhar ionas go bhféadfaidh siad forbairt agus gabháil don nuálaíocht;

L. de bhrí go bhfuil ilghnéitheacht na gcóras IS agus aon raon éagsúil rioscaí a chothaíonn an teicneolaíocht á dhéanamh níos casta teacht ar réiteach aonair atá oiriúnach do speictream iomlán na rioscaí; de bhrí, ina leith sin, gur cheart cur chuige a ghlacadh ina n-úsáidtear turgnaimh, treoirthionscadail agus boscaí gainimh rialála chun teacht ar réitigh atá cionmhar agus fianaisebhunaithe agus a thugann aghaidh ar staideanna agus earnálacha sonracha, nuair is gá sin;

*Réamhrá*

1. á mheas go bhfuil an dúshlán a bhaineann le córais IS a thabhairt isteach sa tsochaí, san áit oibre agus sa gheilleagar ar cheann de na ceisteanna is tábhachtaí ar an gclár oibre polaitiúil i láthair na huaire; de bhrí go bhféadfadh teicneolaíochtaí bunaithe ar IS, agus gur cheart dóibh, féachaint lenár saol a fheabhsú i mórán gach earnáil, ón saol pearsanta, mar shampla an earnáil iompair, oideachas pearsantaithe, cúnamh do dhaoine soghonta, cláir aclaíochta agus soláthar creidmheasa, go dtí an timpeallacht oibre, mar shampla cúraimí leadránacha agus athdhéantacha a mhaolú, agus go dtí dúshláin dhomhanda, amhail athrú aeráide, cúram sláinte, cothú agus lóistíocht;

2. á chreidiúint go diongbháilte, chun go bhféadfar na buntáistí a shaothrú go héifeachtach agus chun mí-úsáidí féideartha na gcóras IS a chosc agus chun ilroinnt rialála san Aontas a sheachaint, go bhfuil géarghá le reachtaíocht bunaithe ar phrionsabail agus a sheasfaidh i bhfad na haimsire ar fud an Aontais le haghaidh na gcóras IS go léir; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, cé gur fearr i bhfad rialacháin earnáilsonracha a bheith ann le haghaidh raon chomh leathan agus is féidir d’fheidhmeanna, gur dealraitheach go bhfuil gá le creat dlíthiúil cothrománach agus comhchuibhithe a bheadh bunaithe ar chomhphrionsabail ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, caighdeáin chomhionanna a leagan síos ar fud an Aontais agus cosaint éifeachtach a thabhairt dár luachanna Eorpacha agus do chearta na saoránach;

3. á chur in iúl go gcaithfear an Margadh Aonair Digiteach a chomhchuibhiú go hiomlán ós rud é go bhfuil dinimicí trasteorann agus sreabha sonraí idirnáisiúnta ina saintréith ag an saol digiteach; á mheas go ngnóthóidh an tAontas na cuspóirí de cheannasacht dhigiteach an Aontais a chothabháil agus de nuálaíocht dhigiteach san Eoraip a threisiú sa chás amháin go mbeidh rialacha comhleanúnacha agus coiteanna ann atá ag teacht le cultúr na nuálaíochta;

4. á thabhairt dá haire go bhfuil an rás domhanda sa réimse IS ann cheana féin agus gur cheart go mbeadh ról ceannasach ag an Aontas ann, trína acmhainn eolaíoch agus theicneolaíoch a shaothrú; á chur i bhfáth go láidir nach bhféadfaidh forbairt teicneolaíochta díobháil a dhéanamh d’úsáideoirí a chosaint ó dhamáiste a bhféadfadh sé gur feistí agus córais a úsáideann IS is cúis leo; ag spreagadh cur chun cinn chaighdeáin an Aontais maidir le dliteanas sibhialta ar an leibhéal idirnáisiúnta;

5. á chreidiúint go diongbháilte gur i bhfoirm rialacháin amháin ba cheart do na comhrialacha nua le haghaidh córais IS a bheith; á mheas go bhfuil ceist an dliteanais i gcásanna de dhíobháil nó damáiste ar córas IS is cúis leo ar cheann de na príomhghnéithe a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu sa chreat sin;

*Dliteanas agus Intleacht Shaorga*

6. á chreidiúint nach bhfuil call ar bith le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar réimis dliteanais atá ag feidhmiú go maith, ach gur dúshlán suntasach mar sin féin d'éifeachtacht an Aontais agus d'fhorálacha náisiúnta sa chreat dliteanais atá i gcastacht, lúdracht, teimhneacht, íogaireacht, an acmhainneacht a bheith á modhnú trí nuashonraithe, an acmhainneacht don fhéinfhoghlaim agus uathriail fhéideartha chórais IS, chomh maith leis an iomad gníomhaithe atá páirteach ann; á mheas go bhfuil gá le coigeartuithe sonracha agus comhordaithe ar na réimis dliteanais chun go seachnófar an staid a bheith ann ina mbeadh daoine a fhulaingíonn díobháil nó a ndéantar damáiste dá maoin fágtha gan chúiteamh;

7. á thabhairt dá haire go bhféadfadh gach gníomhaíocht, feiste nó próiseas, bídís fisiceach nó fíorúil, atá á dtiomáint le córais IS a bheith, go teicniúil, ina gcúis dhíreach nó indíreach le díobháil nó damáiste, ach fós gur nithe iad sin beagnach i gcónaí ar ann dóibh mar thoradh ar dhuine éigin a bheith i mbun forbartha, imlonnaíochta nó trasnaíochta ar na córais; á thabhairt dá haire ina leith sin nach bhfuil sé riachtanach pearsantacht dhlítheanach a thabhairt do chórais IS; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh an teimhneacht, lúdracht agus uathriail atá i réim i gcórais IS an staid a chruthú ina mbeadh sé, i gcleachtas, an-deacair nó fiú dodhéanta gníomhaíochtaí díobhálacha sonracha a thagann ó chórais IS a rianú siar go dtí ionchur sonrach ag duine daonna nó go dtí cinntí a bhain leis an dearadh; á mheabhrú, i gcomhréir le coincheapa dliteanais a bhfuil glacadh go forleathan leo, gur féidir teacht timpeall ar an mbacainn seo trína áirithiú go luíonn an dliteanas leis na daoine éagsúla sa slabhra luacha ina iomláine a chruthaíonn nó a chothabhálann riosca a ghabhann leis an gcóras IS, nó a bhfuil smacht acu ar an riosca sin;

8. á mheas go bhfuil sé léirithe le hos cionn 30 bliain gur modh éifeachtach atá sa Treoir um Dhliteanas Táirgí (PLD) chun cúiteamh a fháil i leith díobhála a éiríonn as táirge fabhtach, ach mar sin gur cheart an Treoir sin a athbhreithniú chun í a oiriúnú don saol digiteach agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá á gcothú ag na teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, agus ar an gcaoi sin a áirithiú gur ann do leibhéal ard cosanta éifeachtaí don tomhaltóir, chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, ach fós go seachnaítear costais arda agus rioscaí do FBManna agus d'fhiontair nuathionscanta; ag tathant ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh lena fhiosrú ar cheart PLD a thiontú isteach ina Rialachán, soiléireacht a thabhairt ar an sainmhíniú ar 'tháirgí' trína chinneadh an dtagann inneachar digiteach agus seirbhísí digiteacha faoina raon feidhme agus smaoineamh ar choincheapa amhail 'damáiste', 'fabht' agus 'táirgeoir' a oiriúnú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, chun críocha na deimhneachta dlíthiúla ar fud an Aontais, gur cheart, tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar PLD, monaróirí, forbróirí, ríomhchláróirí, soláthraithe seirbhíse chomh maith le hoibreoirí cúil a ionchorprú sa choincheap 'táirgeoir'; á iarraidh ar an gCoimisiún smaoineamh ar na rialacha lena rialaítear an t-ualach cruthúnais i gcás díobhála arna cúisiú ag teicneolaíochtaí digiteacha, i gcásanna

atá sainithe go soiléir agus tar éis measúnú cuí a dhéanamh, a chúlú; á chur in iúl a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh an gníomh Aontais arna nuashonrú fós teoranta d'fhadhbanna arna sainaithint go soiléir agus a mbeidh réitigh indéanta ann dóibh cheana agus, ag an am céanna, go mbeidh sé in ann forbairtí teicneolaíochta sa todhchaí a chlúdach, lena n-áirítear forbairtí atá bunaithe ar bhogearraí saor in aisce agus ar bhogearraí foinse oscailte; á thabhairt dá haire gur cheart leanúint de PLD a úsáid i leith éilimh dliteanais shibhialta in aghaidh táirgeoir córais fhabhtaigh IS sa chás gur féidir an córas IS a cháiliú mar tháirge faoin Treoir sin; á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh aon nuashonrú ar an gcreat le haghaidh dliteanas táirge ag tarlú i gcomhthráth le nuashonrú ar Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí[12] chun a áirithiú go mbeidh prionsabail na sábháilteachta agus slándála trí dhearadh comhtháite i gcórais IS;

9. á mheas go bhfuil an dlí torta lochtbhunaithe atá sna Ballstáit, i bhformhór na gcásanna, ag tabhairt leibhéal leordhóthanach cosanta do dhaoine a fhulaingíonn díobháil arna cúisiú ag trasnaíocht ó thríú páirtí, amhail haiceálaí, nó a bhfuil damáiste déanta dá maoin ag an tríú páirtí sin, mar go mbíonn trasnaíocht go rialta ina údar le caingean lochtbhunaithe; á thabhairt dá haire gur i gcásanna sonracha amháin, lena n-áirítear na cásanna sin nuair nach féidir an tríú páirtí a aimsiú nó go bhfuil na hacmhainní airgeadais cuí ag an tríú páirtí, is dealraitheach gá a bheith le rialacha dliteanais a thabhairt isteach le bheith mar chomhlánú ar an dlí torta náisiúnta atá cheana ann;

10. á mheas, dá bhrí sin, gurb iomchuí díriú isteach ar éilimh dhliteanais shibhialta in aghaidh oibreoir córais IS sa tuarascáil seo; á dheimhniú go bhfuil bonn cirt le dliteanas an oibreora ós rud é go bhfuil smacht aige nó aici ar an riosca a ghabhann leis an gcóras IS, murab ionann agus úinéir cairr; á mheas, i ngeall ar chastacht agus lúdracht an chórais IS, gurb é an t-oibreoir, in go leor cásanna, a bheidh mar an chéad phointe teagmhála infheicthe don duine dá ndéantar difear;

*Dliteanas an oibreora*

11. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do na rialacha dliteanais a bhfuil an t-oibreoir páirteach iontu gach ceann d'oibríochtaí na gcóras IS a chlúdach, gan beann ar cá dtarlaíonn an oibríocht ná an go fisiciúil nó go fíorúil a tharlaíonn sé; ag tabhairt chun suntais, áfach, gur cásanna a chaithfear a bhreithniú tuilleadh atá in oibríochtaí i spásanna poiblí a fhágann lear mór daoine faoi lé riosca; á mheas i gcás daoine a d'fhéadfadh fulaingt ó dhíobháil nó damáiste, gur minic nach bhfuil a fhios acu faoin oibríocht agus gur gnách gan éilimh dliteanais chonarthaigh acu in aghaidh an oibreora; á thabhairt dá haire nuair a thagann ann do dhíobháil nó damáiste gur éileamh dliteanais lochta amháin a bheadh ag na daoine sin agus go bhféadfadh sé a bheith deacair acu a chruthú gur ar oibreoir an chórais IS atá an locht agus ar an gcaoi sin go bhféadfadh na héilimh dhliteanais chomhfhreagracha cliseadh;

12. á mheas gurb iomchuí a thuiscint leis an gcoincheap 'oibreoir' go gclúdaíonn sé sin an t-oibreoir tosaigh agus an t-oibreoir cúil, a fhad agus nach bhfuil an t-oibreoir cúil cuimsithe in PLD; ag tabhairt dá haire gur cheart 'an t-oibreoir tosaigh' a shainmhíniú mar an duine nádúrtha nó dlítheanach a fheidhmíonn méid áirithe smachta ar an riosca a

[12] IO L 011, 15.1.2002, lch.4.

ghabhann le hoibriú agus feidhmiú an chórais IS agus go dtairbhíonn sé as oibriú an chórais sin; á chur in iúl gur cheart 'an t-oibreoir cúil' a shainmhíniú mar an duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann, ar bhonn leanúnach, gnéithe na teicneolaíochta a shainiú agus a sholáthraíonn sonraí agus seirbhísí tacaíochta cúil atá bunriachtanach agus, dá bhrí sin, a fheidhmíonn méid áirithe smachta ar an riosca a ghabhann le hoibriú agus feidhmiú an chórais IS; á mheas go gciallaíonn 'smacht a fheidhmiú' aon ghníomhaíocht de chuid an oibreora a bhfuil tionchar aige ar oibriú an chórais IS agus, dá réir sin, a mhéid a dhéanann an córas sin tríú páirtithe a fhágáil gan chosaint ar rioscaí féideartha; á mheas go bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin tionchar a imirt ar oibriú córais IS ó thús go deireadh, tríd an ionchur, aschur nó torthaí a chinneadh, nó go bhféadfaidís feidhmeanna nó próisis laistigh den chóras IS a athrú;

13. á thabhairt dá haire go bhféadfadh staideanna a bheith ann ina mbeadh níos mó ná oibreoir amháin i gceist, mar shampla oibreoir tosaigh agus oibreoir cúil; á mheas sa chás sin gur cheart go mbeadh na hoibreoirí go léir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach ach fós an ceart cúláraigh a bheith acu in aghaidh a chéile ar mhodh cionmhar; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart gach sciar den dliteanas a chinneadh bunaithe ar an méid smachta a bhí faoi seach ag na hoibreoirí ar an riosca a ghabhann le hoibriú agus feidhmiú an chórais IS; á mheas gur cheart an inrianaitheacht táirge a fheabhsú chun gur fearr a fhéadfar a shainaithint cé a bheidh bainteach leis na céimeanna éagsúla;

*Rialacha dliteanais éagsúla le haghaidh rioscaí éagsúla*

14. á aithint gur toisc chinntitheach i ndáil le dliteanas atá sa chineál córais IS a bhfuil smacht ag an oibreoir air; ag tabhairt dá haire i gcás córas IS lena ngabhann riosca ard go nádúrtha agus a ghníomhaíonn go huathoibríoch, gur mó go mór fada a d'fhéadfadh sé an pobal i gcoitinne a chur i gcontúirt; á mheas, bunaithe ar na dúshláin dhlíthiúla a chothaíonn córais IS do na réimis dliteanais shibhialta atá cheana ann, gur dealraitheach é a bheith réasúnach réimeas diandliteanais coiteann a chur ar bun do na córais ardriosca uathrialacha IS sin; á chur i bhfios go láidir gur cheart d'aon chur chuige rioscabhunaithe den sórt sin, a bhféadfadh roinnt leibhéal riosca a bheith ag gabháil leis, a bheith bunaithe ar chritéir shoiléire agus ar shainmhíniú iomchuí ar an riosca ard agus gur cheart dó foráil don deimhneacht dhlíthiúil;

15. á chreidiúint gurb é an uair a ghabhann ardriosca le córas IS ná nuair atá féidearthacht shuntasach ann go mbeadh a oibríocht uathrialaitheach ina cúis le damáiste do dhuine amháin nó níos mó, ar shlí atá randamach agus a théann níos faide ná mar a mbeifí ag dréim leis go réasúnach; á mheas, nuair a chinntear go ngabhann riosca ard le córas IS, go gcaithfear an earnáil ina mbeifí ag dréim leis na rioscaí suntasacha tarlú agus an cineál gníomhaíochtaí atá á ndéanamh a chur san áireamh; á mheas go mbraitheann tábhacht na hacmhainneachta ar an idirghníomhú idir déine na díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann, an dóchúlacht go mbeidh an riosca ina chúis le díobháil nó damáiste agus an bealach ina mbíonn an córas IS in úsáid;

16. á mholadh go ndéanfar na córais ardriosca IS go léir a liostú go cuimsitheach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán atá beartaithe; á aithint, i bhfianaise go mbíonn forbairtí teicneolaíocha mear ann agus go bhfuil gá le saineolas teicniúil, gur cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn sin gan aon mhoill

mhíchuí, ach ar a laghad gach sé mhí agus, más gá, é a leasú trí ghníomh tarmligthe; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún comhoibriú go dlúth le buanchoiste nua-chruthaithe atá comhchosúil leis an mBuanchoiste um Réamhtheachtaithe nó an Coiste Teicniúil – Mótarfheithiclí, a bhfuil saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit agus geallsealbhóirí ar áireamh iontu; á mheas go bhféadfadh comhaltas cóimheáite ar an ‘nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil um an Intleacht Shaorga’ fónamh mar eiseamláir chun grúpa na ngeallsealbhóirí a chur le chéile, ach sa bhreis air sin go mbeadh saineolaithe eitice, antraipeolaithe, socheolaithe agus speisialtóirí meabhairshláinte ina measc; á chur in iúl freisin go bhfuil sí den tuairim gur cheart do Pharlaimint na hEorpa saineolaithe comhairleacha a cheapadh ar an mbuanchoiste nuabhunaithe chun go bhféadfaidís sin comhairle a thabhairt;

17. ag tabhairt dá haire gur córas an-fhuinniúil agus atá ag luathú go seasta atá i bhforbairt teicneolaíochtaí atá bunaithe ar IS; á chur i bhfáth, chun cosaint leormhaith a áirithiú d’úsáideoirí, go bhfuil gá le cur chuige mearaithe chun anailís a dhéanamh ar fheistí agus córais nua a úsáideann córais IS agus a thagann chun cinn ar an margadh Eorpach, agus go ndéantar an méid sin ó thaobh na rioscaí féideartha de; á mholadh gur cheart na nósanna imeachta go léir ina leith seo a shimpliú a mhéid is féidir; á mholadh thairis sin gur cheart tús a chur leis an measúnú ag an gCoimisiún ar an gcothaíonn córas IS riosca ard a thosú ag an am céanna leis an measúnú um shábháilteacht táirge, ionas nach mbeidh cás ann ina mbeidh córas ardriosca IS formheasta cheana don mhargadh ach gan é fós aicmithe mar chóras ardriosca agus ar an gcaoi sin go mbeadh sé ag oibriú d’uireasa an chlúdaigh árachais shainordaithe;

18. ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh lena fhiosrú cén chaoi a bhféadfadh an t-údarás imscrúdaitheach rochtain a fháil nó úsáid a bhaint as sonraí a bhailítear, a thaifeadtar nó a stóráltar ar chórais ardriosca IS chun críocha fianaise a bhailiú i gcás díobháil nó damáiste arna chúisiú ag an gcóras IS sin, agus cén chaoi a bhféadfaí inrianaitheacht agus in-iniúchóireacht na sonraí sin a fheabhsú, agus fós cearta bunúsacha agus cearta príobháideachais a chur san áireamh;

19. á chur in iúl, i gcomhréir leis na córais diandliteanais sna Ballstáit, gur cheart go mbeadh sáruithe ar chearta tábhachtacha atá cosanta le dlí i.e. cearta chun na beatha, chun na sláinte, chun sláine fisicí agus chun maoine, á gcumhdach leis an Rialachán atá beartaithe, agus gur cheart go leagfaí amach ann méid an chúitimh agus a mhéid is féidir cúiteamh a dhéanamh, chomh maith le tréimhse teorann; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go ndéanfaí díobháil neamhábhartha shuntasach a mbíonn caillteanas eacnamaíoch infhíoraithe atá os cionn tairseach chomhchuibhithe i ndlí dliteanais an Aontais i gceist léi a ionchorprú freisin sa Rialachán atá beartaithe, agus go mbeidh cóimheá sa Rialachán sin idir an rochtain ar cheartas do na daoine a fhulaingíonn agus leasanna daoine eile a bhíonn i gceist; ag tathant ar an gCoimisiún athmheasúnú agus ailíniú a dhéanamh ar na tairseacha le haghaidh damáistí i ndlí an Aontais; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart don Choimisiún anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na traidisiúin dhlíthiúla sna Ballstáit go léir agus ar na dlíthe náisiúnta atá iontu lena ndeonaítear cúiteamh as damáiste neamhábhartha, chun a mheas an bhfuil gá le díobháil neamhábhartha a chur ar áireamh i ngníomhartha reachtacha a bhaineann go sonrach le IS agus an bhfuil sé contrártha do chreat dlíthiúil reatha an Aontais nó an mbaineann sé an bonn den dlí náisiúnta sna Ballstáit;

20. á chinneadh i gcás gach uile ghníomhaíocht, feiste nó próiseas arna dtiomáint le córais IS agus atá ina gcúis le díobháil nó damáiste ach nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán beartaithe, gur cheart go mbeidís fós faoi réir dliteanas lochtbhunaithe; á chreidiúint gur cheart, mar sin féin, go mbeadh duine a fhulaingíonn ag tairbhiú den toimhde gur ar an oibreoir a luíonn an milleán, agus go mbeadh an t-oibreoir in ann é féin a shaoradh ón milleán sin trína chruthú go chloí sé leis an dualgas cúraim;

21. á mheas i dtaobh aon chóras IS nach mbeidh measúnaithe fós ag an gCoimisiún agus ag an mbuanchoiste nuabhunaithe agus, dá bhrí sin, nach mbeidh sé aicmithe mar ardriosca agus nach mbeidh sé ar áireamh sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán beartaithe, gur cheart don chóras sin, áfach, agus mar eisceacht ar an gcóras dá bhforáiltear i mír 20, a bheith faoi réir diandliteanais má bhí sé ina chúis le teagmhais athdhéantacha a raibh díobháil nó damáiste tromchúiseach mar thoradh orthu; ag tabhairt dá haire sa chás gurb amhlaidh an cás, gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin, gan aon mhoill mhíchuí, ar an gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn sin agus an córas IS i dtrácht a chur leis an liosta; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart, i ndiaidh an mheasúnaithe sin agus sa chás go gcinneann an Coimisiún an córas IS sin a chur ar an liosta, go mbeadh éifeacht chúlghabhálach ag an gcur ar an liosta amhail ón am a tharla an chéad theagmhas cruthaithe arna chúisiú ag an gcóras IS sin agus a raibh díobháil nó damáiste tromchúiseach mar thoradh air;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann le haghaidh forálacha dlíthiúla ar leibhéal an Aontais i gcás conarthaí chun clásail neamhdhliteanais i gconarthaí a sheachaint, lena n-áirítear i gcaidreamh Gnó le Gnó nó i gcaidreamh Gnó le Riarachán;

*Árachais agus córais IS*

23. á mheas go bhfuil cumhdach dliteanais ar cheann de na príomhthosca chun a dhéanamh amach an bhfuil rath ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua; á thabhairt faoi deara go bhfuil clúdach cuí dliteanais freisin bunriachtanach chun a dhearbhú don phobal gur féidir leis muinín a bheith aige as an nuatheicneolaíocht in ainneoin go bhféadfadh sé díobháil a fhulaingt as nó go bhféadfadh daoine dá ndéantar difear éilimh dhlíthiúla a thionscnamh; ag tabhairt dá haire ag an am céanna go bhfuil an córas rialála seo ag díriú isteach ar an ngá atá ann buntáistí na gcóras IS a shaothrú agus a fheabhsú, ach fós coimircí stóinseacha a chur i bhfeidhm;

24. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, bunaithe ar an mbaol suntasach atá ann go dtarlóidh díobháil nó damáiste agus trí Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin[13] a chur san áireamh, gur cheart go mbeadh árachas dliteanais ag oibreoirí uile na gcóras ardriosca IS a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán atá beartaithe; á mheas gur cheart do réimeas árachais éigeantach den sórt sin le haghaidh córais ardriosca IS méideanna an chúitimh agus a mhéid is féidir cúiteamh a dhéanamh, faoi mar a leagtar síos sa Rialachán atá beartaithe,

[13] IO L 263, 7.10.2009, lch. 11.

a chlúdach; á chur in iúl gurb eol di an fíoras go bhfuil an teicneolaíocht sin an-ghann faoi láthair, ós rud é go gcaithfidh leibhéal ard de chinnteoireacht uathoibríoch a bheith ann ar dtús agus, mar thoradh air sin, gur dírithe ar an todhchaí den chuid is mó atá na pléití reatha; á chreidiúint, mar sin féin, nár cheart go bhfágfadh neamhchinnteacht i dtaobh rioscaí go mbeadh préimhíocaíochtaí árachais ró-ard agus ar an gcaoi sin go mbeidís ina mbac ar thaighde agus nuálaíocht;

25. á chreidiúint nach é an bealach ceart chun bearnaí féideartha árachais a líonadh é sásra cúitimh ar leibhéal an Aontais a bheadh maoinithe le hairgead poiblí; á mheas go bhfágann an easpa sonraí faoi na rioscaí a ghabhann le córais IS mar aon leis an neamhchinnteacht i dtaobh forbairtí sa todhchaí go bhfuil sé deacair don earnáil árachais táirgí nua nó oiriúnaithe árachais a thairiscint; á mheas gurb é is dócha a bheadh mar thoradh ar fhorbairt an árachais éigeantaí a fhágáil go hiomlán faoin margadh ná cur chuige a chruthódh an táirge céanna do chách agus go mbeadh préimhíocaíochtaí ann a bheadh go comhréireach ró-ard agus go mbeadh na dreasachtaí míchearta ann, agus mar thoradh air sin go spreagfaí oibreoirí leis an t-árachas is saoire seachas an clúdach is fearr a roghnú agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina bhac ar thaighde agus nuálaíocht; á mheas gur cheart don Choimisiún oibriú go dlúth leis an earnáil árachais lena fheiceáil cén chaoi a bhféadfaí sonraí agus samhlacha nuálacha a úsáid chun polasaithe árachais a chruthú a thugann clúdach leormhaith ar phraghas inacmhainne;

*Gnéithe críochnaitheacha*

26. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún, ar bhonn Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, togra le haghaidh Rialachán maidir le dliteanas i gcomhair oibriú córas Intleachta Saorga a thíolacadh, ag leanúint dó na moltaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo;

27. á mheas nach mbeidh impleachtaí airgeadais ag gabháil leis an togra atá iarrtha;

28. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus na moltaí a ghabhann leis a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN: MOLTAÍ MIONSONRAITHE CHUN RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE DLITEANAS I gCOMHAIR OIBRIÚ CÓRAS INTLEACHTA SAORGA A THARRAINGT SUAS

### A. PRIONSABAIL AGUS AIDHMEANNA AN TOGRA

Sa tuarascáil seo tugtar aghaidh ar ghné thábhachtach den digiteáil, atá inti féin múnlaithe ag gníomhaíochtaí trasteorann, iomaíocht dhomhanda agus croíbhreithnithe den tsochaí. Tugann na prionsabail seo a leanas treoir ina leith sin:

Tá lán-chomhchuibhiú trí bhíthin Rialacháin ag teastáil chun go mbeadh fíor-Mhargadh Aonair Digiteach ann.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhlíthiúla nua arna gcothú ag forbairt córas Intleachta Saorga (IS) trí uas-deimhneacht dhlíthiúil a leagan síos ar fud an tslabhra dliteanais, lena n-áirítear don táirgeoir, don oibreoir, don duine dá ndéantar difear agus d'aon tríú páirtí eile.

Níor cheart go mbeadh aon ró-rialáil ann agus caithfear rómhaorlathas a chosc mar go gcuirfeadh siad sin laincis ar nuálaíocht Eorpach in IS, go háirithe i gcás teicneolaíocht, táirgí nó seirbhísí a bhíonn á bhforbairt ag FBManna nó cuideachtaí nuathionscanta.

Le rialacha maidir le dliteanas sibhialta le haghaidh IS, ba cheart go bhféachfaí le cóimheá a aimsiú idir an pobal a chosaint, ar lámh amháin, agus dreasachtaí gnó chun infheistiú i nuálaíocht, go háirithe córais IS, ar an lámh eile.

Seachas réimis dliteanais atá ann cheana agus atá ag feidhmiú go maith a ionadú, is amhlaidh gur cheart líon beag coigeartuithe riachtanacha a dhéanamh trí smaointe nua agus atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt isteach.

Is dhá cholún sa chomhchreat dliteanais do chórais IS atá sa togra le haghaidh Rialacháin atá beartaithe agus sa Treoir um Dhliteanas Táirgí, agus éilíonn siad sin comhordú dlúth agus ailíniú idir na gníomhaithe polaitiúla go léir, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

7. Ba cheart do mbeadh saoránaigh i dteideal an leibhéal céanna de chosaint agus cearta a bheith acu, gan beann ar an bhfíoras an córas IS is cúis leis an díobháil nó nach ea nó má tharlaíonn an díobháil go fisiceach nó go fíorúil, ionas go neartófar a muinín sa nuatheicneolaíocht.

8. Ba cheart díobháil ábhartha agus díobháil neamhábhartha, araon, a chur san áireamh sa togra le haghaidh Rialacháin atá beartaithe. Bunaithe ar a Theachtaireacht an 19 Feabhra 2020 maidir leis na himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais atá ag IS agus an róbataic, i

measc doiciméad eile, iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach anailís chuimsitheach a dhéanamh ar na traidisiúin dhlíthiúla sna Ballstáit go léir agus freisin ar na forálacha reachtacha reatha a dheonaíonn cúiteamh as díobháil neamhábhartha ionas go bhféadfar a meas an bhfuil sé fónta go dlíthiúil díobháil neamhábhartha a áireamh sa togra le haghaidh Rialacháin atá beartaithe agus an bhfuil gá leis sin ag breathnú air ó dhearcadh an duine dá ndéantar difear. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair, creideann an Pharlaimint gur cheart díobháil shuntasach neamhábhartha a áireamh sa Rialachán beartaithe más rud é go mbeidh caillteanas eacnamaíoch so-aitheanta, a chiallaíonn infhíoraithe, fulaingthe ag an duine dá ndéantar difear.

B. TÉACS AN TOGRA ATÁTHAR A IARRAIDH

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le dliteanas i gcomhair oibriú córas Intleachta Saorga

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról tábhachtach déach ag coincheap an 'dliteanais' inár saol ó lá go lá: ar lámh amháin, áirithíonn sé go bhfuil duine a d'fhulaing díobháil nó damáiste i dteideal cúiteamh a éileamh ón bpáirtí atá faoi dhliteanas as an díobháil nó damáiste sin, agus ar an lámh eile, tugann sé dreasacht eacnamaíoch do dhaoine gan a bheith ina gcúis le díobháil nó damáiste ar an gcéad dul síos. Ba cheart d'aon chreat dliteanais féachaint le muinín a chothú i sábháilteacht, iontaofacht agus comhleanúnachas na dtáirgí agus na seirbhísí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha, amhail intleacht shaorga ('IS'), Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) nó róbataic, chun cóimheá a aimsiú idir cosaint éifeachtach a thabhairt dóibh siúd a d'fhéadfadh díobháil nó damáiste a fhulaingt agus, ag an am céanna, saoirse a ndóthain a thabhairt chun go mbeadh sé indéanta teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt.

(2) Go háirithe ag tús shaolré na dtáirgí agus na seirbhísí nua, agus tar éis réamhthástáil a bheith déanta orthu, tá baol áirithe ann don úsáideoir agus do thríú daoine nach mbeidh rud éigin ag feidhmiú go cuí. Ag an am céanna, is príomhchumasóir don dul chun cinn teicniúil é an próiseas tástála agus earráide sin agus dá uireasa sin ní bheadh formhór ár dteicneolaíochtaí ann. Go dtí seo, rinneadh na rioscaí a ghabhann le táirgí agus seirbhísí nua a mhaolú go cuí trí bhíthin reachtaíocht láidir sábháilteachta táirgí agus rialacha dliteanais.

(3) Leis an méadú atá ag teacht ar IS áfach, tá dúshláin shuntasacha á gcothú do na creata dliteanais atá cheana ann. Trí chórais IS a bheith in úsáid inár saol ó go lá, leanfaidh

[1] IO ...
[2] IO ...

staideanna ina bhfágfaidh a dteimhneacht (eilimint an ‘bhosca dhuibh’) agus an iliomad gníomhaithe a bhfuil lámh acu ina saolré go mbeadh sé thar a bheith costasach nó fiú amháin dodhéanta a shainaithint cé aige nó aici a bhí smacht ar an riosca a ghabhann leis an gcóras IS i dtrácht a úsáid nó cén cód nó ionchur a bhí ina chúis leis an oibríocht dhíobhálach. Déantar an deacracht sin níos measa tríd an lúdracht idir córas IS agus córais IS eile agus córais neamh-IS, trína spleáchas ar shonraí seachtracha, trína íogaireacht i leith sáruithe cibearshlándála agus freisin trí uathriail mhéadaitheach na gcóras IS a mhúsclaítear le hacmhainneachtaí meaisínfhoghlama agus domhainfhoghlama. Sa bhreis ar na gnéithe casta agus na híogaireachtaí féideartha sin, d’fhéadfaí córais IS a úsáid freisin chun díobháil thromchúiseach a dhéanamh, amhail dínit an duine agus luachanna agus saoirsí na hEorpa a chur i mbaol, trí dhaoine aonair a rianú in aghaidh a dtola, trí chórais creidmheasa sóisialta a thabhairt isteach, trí chinntí claonta a dhéanamh ó thaobh árachas sláinte, soláthar creidmheasa, orduithe cúirte, earcú nó fostaíocht de nó trí chórais arm uathrialaitheach marfach a thógáil.

(4) Tá sé tábhachtach a chur in iúl gur mó go mór na buntáistí a ghabhann le córais IS a imlonnú ná na míbhuntáistí a ghabhann leis. Beidh na córais sin ina gcuidiú chun an t-athrú aeráide a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí, chun scrúduithe leighis agus dálaí oibre a fheabhsú, chun daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta a imeascadh níos fearr sa tsochaí agus chun cúrsaí oideachais sainoiriúnaithe a sholáthar do gach uile chineál mac léinn. Ionas go bhféadfar na deiseanna teicneolaíochta éagsúla a shaothrú agus muinín na ndaoine in úsáid na gcóras IS a threisiú, ach ag an am céanna cásanna díobhálacha a chosc, is é an bealach is fearr chun cinn ná caighdeáin fhónta eiticiúla a bheith ann in éineacht le nós imeachta cúitimh atá fuaimintiúil agus cothrom.

(5) Tá gá le réimeas dliteanais leormhaith freisin le bheith mar fhrithbheart in aghaidh aon sárú ar na rialacha sábháilteachta. Caithfidh an réimeas dliteanais a leagtar síos sa Rialachán seo, áfach, na leasanna ar fad atá i gceist a chur san áireamh. Is réamhriachtanas d’aon chéimeanna reachtacha eile é go ndéanfar scrúdú cúramach ar na hiarmhairtí a bheidh ag aon chreat rialála nua ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar fhiontair nuathionscanta. Tá an ról ríthábhachtach atá ag na fiontair sin i ngeilleagar na hEorpa ina bhonn cirt le cur chuige atá go hiomlán cionmhar ionas go bhféadfaidh siad forbairt agus gabháil don nuálaíocht. Ar an lámh eile, caithfidh an ceart chun sásaimh agus chun lánchúitimh don díobháil nó damáiste a bheidh fulaingthe acu a bheith ag íospartaigh díobhála nó damáiste arna gcúisiú ag córais IS.

(6) Aon athrú is gá a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil atá cheana ann, ba cheart go dtosódh sé leis an soiléiriú nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ná coinsias daonna ag córais IS agus nach bhfuil acu ach an t-aon chúram aonair amháin, eadhon freastal ar an gcine daonna. Tá go leor córas IS ann freisin nach bhfuil chomh héagsúil sin le teicneolaíochtaí eile, atá amanna bunaithe ar bhogearraí atá níos casta fós. I ndeireadh na dála, bíonn formhór mór na gcóras IS in úsáid chun déileáil le cúraimí fánacha nach gcothaíonn aon riosca don tsochaí nó gur riosca íosta a chothaíonn siad. Tríd an téarma

‘cinnteoireacht uathoibrithe’ a úsáid, d’fhéadfadh sé go seachnófaí an débhrí fhéideartha a ghabhann leis an téarma IS. Tugann an téarma sin tuairisc ar staid ina ndéanann úsáideoir cinneadh a tharmligean ar dtús, bíodh sin go páirteach nó go hiomlán, chuig eintiteas trí bhíthin úsáid a bhaint as bogearra nó seirbhís. Déanann an t-eintiteas sin, ina shea, samhlacha cinnteoireachta a fhorghníomhaítear go huathoibríoch a úsáid chun gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann úsáideora, nó chun bheith mar threoir do chinntí an úsáideora i ndéanamh gníomhaíochta.

(7) Tá córais IS ann freisin, áfach, a dhéantar a fhorbart agus a imlonnú ar mhodh criticiúil agus atá bunaithe ar theicneolaíochtaí amhail gréasáin néarónacha agus próisis domhainfhoghlama. Leis an teimhneacht agus uathriail atá acu sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé an-deacair gníomhaíochtaí sonracha a rianú siar go dtí cinntí sonracha a rinne duine daonna ina ndearadh nó ina n-oibriú. D’fhéadfadh oibreoir córais IS den sórt sin a áitiú, mar shampla, nach raibh aon smacht aige nó aici ar an ngníomhaíocht, feiste nó próiseas, bíodh sin fisiceach nó fíorúil, is cúis leis an díobháil nó damáiste mar gheall ar gur oibríocht uathrialaitheach ina chóras nó a córas IS is cúis leis. Ina theannta sin, níor cheart gur foras leordhóthanach le haghaidh éileamh dliteanais a admháil a bheadh sa ghníomh amháin go bhfuil córas uathrialaitheacha IS á oibriú. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh cásanna dliteanais a bheith ann ina bhféadfadh leithdháileadh an dliteanais a bheith míchothrom nó neamhéifeachtúil, nó nach mbeadh an duine a d’fhulaing díobháil nó damáiste arna chúisiú ag córas IS in ann a chruthú go raibh an locht ag luí le táirgeoir, le tríú páirtí a bhí i mbun trasnaíochta nó le hoibreoir, agus go bhfágfaí an duine sin gan aon chúiteamh.

(8) Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé soiléir gurb é nó í an té a chruthaíonn, a chothabhálann nó a rialaíonn córas IS, nó duine a dhéanann trasnaíocht ann, a bheadh cuntasach as an díobháil nó an damáiste a bhfuil an ghníomhaíocht, feiste nó próiseas sin ina chúis léi nó leis. Leanann sé seo as coincheapa ceartais i réimse an dliteanais a bhfuil glacadh go ginearálta agus go forleathan leo agus ar dá réir a mhaítear gurb é nó í an duine a chruthaíonn nó a chothaíonn riosca don phobal faoi dhliteanas má dhéanann an riosca sin dochar nó damáiste, agus ar an gcaoi sin ba cheart an riosca sin a íoslaghdú *ex ante* nó *ex post* a chúiteamh. Uime sin, ní fhágann an méadú atá ag teacht ar chórais IS go bhfuil gá ann athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na rialacha dliteanais ar fud an Aontais. Ba leor coigeartuithe sonracha a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana agus forálacha nua spriocdhírithe a bhfuil rochtain mhaith orthu a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le IS, d‘fhonn ilroinnt rialála a chosc agus comhchuibhiú na reachtaíochta dliteanais shibhialta ar fud an Aontais i ndáil leis an intleacht shaorga a áirithiú.

(9) Tá sé cruthaithe ar feadh breis is 30 bliain gur bealach éifeachtach atá i dTreoir

85/374/CEE ón gComhairle[3] (an Treoir um Dhliteanas Táirgí) chun cúiteamh a fháil as damáiste a eascraíonn as táirge fabhtach. Dá réir sin, ba gur cheart an Treoir sin a úsáid freisin i leith éilimh dliteanais shibhialta is mian le páirtí a fhulaingíonn díobháil nó damáiste a thionscnamh in aghaidh táirgeoir chóras fhabhtach IS. I gcomhréir le prionsabail an Aontais maidir le rialáil níos fearr, ba cheart aon choigeartuithe reachtacha is gá a phlé le linn an athbhreithnithe riachtanaigh ar an Treoir sin. I bhformhór na gcásanna, tugann an dlí dliteanais lochtbhunaithe sna Ballstáit, freisin, leibhéal leordhóthanach cosanta do dhaoine a fhulaingíonn díobháil nó damáiste arna cúisiú nó arna chúisiú ag trasnaíocht ó thríú duine, mar go bhfuil an trasnaíocht sin ina údar le caingean lochtbhunaithe, i gcás ina n-úsáideann an tríú páirtí córas IS chun díobháil a dhéanamh. Uime sin, ba cheart díriú isteach ar éilimh in aghaidh oibreoir córais IS sa Rialachán seo.

(10) Tá dliteanas an oibreora faoin Rialachán seo bunaithe ar an bhfíoras gur aige nó aici atá smacht ar riosca a bhaineann le córas IS a oibriú agus a fheidhmiú, faoi mar is amhlaidh an cás le húinéir cairr  A shofaisticiúla agus a uathrialaithí atá córas, is mó an tionchar a bheadh ann ar shainiú na n-algartam agus ar thionchar a imirt orthu; mar shampla trí nuashonruithe leanúnacha. Ós rud é gur minic a bhíonn níos mó ná duine amháin ann a bhféadfaí a mheas, ar bhealach bríoch, gur duine 'oibríochtúil' é, ba cheart a thuiscint faoin Rialachán seo go gcumhdaíonn 'oibreoir' an t-oibreoir tosaigh agus an t-oibreoir cúil araon. Go ginearálta, cé go bhfuil an chuma ar an oibreoir tosaigh gurb é an duine a dhéanann cinneadh 'go príomha' maidir le húsáid chóras IS, d'fhéadfadh sé go mbeadh smacht níos mó ag an oibreoir cúil ar na rioscaí oibriúcháin. Má cháilíonn an t-oibreoir cúil mar 'táirgeoir' freisin mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Treoir maidir le Dliteanas Táirgí, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir sin maidir leis nó léi. Mura bhfuil ach oibreoir amháin ann agus gurb é an t-oibreoir sin táirgeoir chóras IS freisin, ba cheart forlámhas a bheith ag an Rialachán seo ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí.

(11) Más rud é go mbíonn lámh ag an úsáideoir, eadhon an duine a úsáideann an córas IS, sa teagmhas díobhálach, is é an uair amháin ba cheart dó nó di a bheith faoi dhliteanas faoin Rialachán seo ná nuair is féidir an t-úsáideoir a cháiliú mar oibreoir chomh maith. Mura amhlaidh an cás, d'fhéadfadh dliteanas lochtbhunaithe an úsáideora i leith an éilitheora teacht as a mhéid a chuireann an t-úsáideoir leis an riosca, bíodh sin ar bhealach faillíoch nó d'aon ghnó. Níor cheart go ndéanfaí difear do chearta tomhaltóirí is infheidhme an úsáideora.

(12) Ba cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo ar chumas an duine dá ndéantar difear éilimh dhliteanais a thabhairt ar aghaidh ar fud an tslabhra dliteanais agus ar feadh shaolré chóras IS. Ba cheart go gcumhdódh sé freisin i bprionsabal gach córas IS, is cuma cá bhfuil siad ag oibriú agus cibé an ndéantar na hoibríochtaí go fisiciúil nó go fíorúil. Mar sin féin, le formhór na n-éileamh ar dhliteanas faoin Rialachán seo, ba cheart aghaidh a thabhairt ar chásanna dliteanais tríú páirtí, i gcás ina n-oibríonn córas IS i spás poiblí

[3] Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

agus ina bhfuil a lán daoine neamhchosanta ar riosca. Sa chás sin, is minic nach mbeidh na daoine dá ndéantar difear ar an eolas faoin gcóras IS atá i bhfeidhm agus ní bheidh aon chaidreamh conarthach ná dlíthiúil acu leis an oibreoir. Dá bhrí sin, le hoibriú chóras IS, cuirtear i staid iad nach mbeidh acu, i gcás díobháil nó damáiste a bheith déanta, ach éilimh dhliteanais lochtbhunaithe i gcoinne oibreoir chóras IS, agus deacrachtaí tromchúiseacha acu chun locht an oibreora a chruthú.

(13) Is fachtóir cinntitheach é cineál chóras IS atá á rialú ag an oibreoir. Le córas IS lena mbaineann ardriosca, d’fhéadfaí an t-úsáideoir nó an pobal a chur i mbaol ar leibhéal i bhfad níos airde agus ar bhealach atá randamach agus a théann thar a bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta. Ciallaíonn sé sin, ag tús oibriú uathrialach chóras IS, go bhfuil formhór na ndaoine a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh anaithnid neamh-inaitheanta, mar shampla daoine ar chearnóg phoiblí nó i dteach comharsanachta, i gcomparáid le hoibriú chóras IS a bhaineann le daoine sonracha a thoiligh go rialta lena imscaradh roimh ré, mar shampla, máinliacht in ospidéal nó taispeántas díolacháin i siopa beag. Agus cinneadh á dhéanamh cé chomh suntasach is atá sé go ndéanfadh córas IS dochar nó damáiste, braitheann sé ar an idirghníomhú idir cuspóir na húsáide a gcuirtear an córas IS ar an margadh lena aghaidh, an bealach ina bhfuil an córas IS á úsáid, déine na díobhála nó an damáiste a d’fhéadfadh a bheith ann, leibhéal neamhspleáchais na cinnteoireachta a bhféadfadh díobháil a bheith mar thoradh air agus an dóchúlacht go dtiocfaidh an riosca chun cinn. Ba cheart leibhéal na déine a chinneadh bunaithe ar thosca ábhartha amhail méid an dochair a d‘fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an oibríocht ar dhaoine dá ndéantar difear, lena n-áirítear go háirithe éifeachtaí ar chearta bunúsacha, líon na ndaoine dá ndéantar difear, luach iomlán an damáiste a d’fhéadfadh a bheith ann, chomh maith leis an díobháil don tsochaí ina hiomláine. Ba cheart dóchúlacht an dochair nó an damáiste a chinneadh bunaithe ar thosca ábhartha amhail ról na ríomhanna algartamacha sa phróiseas cinnteoireachta, castacht an chinnidh agus in-aisiompaitheacht na n-éifeachtaí. I ndeireadh na dála, ba cheart go mbeadh an modh úsáide ag brath ar thosca ábhartha amhail an comhthéacs agus an earnáil ina n-oibríonn an córas IS, dá bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla nó fíorasacha a bheith aige ar chearta tábhachtacha an duine dá ndéantar difear atá faoi chosaint dlí, agus an féidir na héifeachtaí a sheachaint go réasúnta.

(14) Gach uile chóras IS lena ngabhann riosca ard, ba cheart iad a liostú go uileghabhálach in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. I bhfianaise go mbíonn forbairtí teicniúla agus margaidh ag tarlú go tapa ar fud an domhain agus i bhfianaise an tsaineolais theicniúil atá ag teastáil chun athbhreithniú leormhaith a dhéanamh ar chórais IS, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a leasú i ndáil leis na cineálacha de chóras IS a chothaíonn riosca ard agus na hearnálacha criticiúla ina mbíonn siad in úsáid. Bunaithe ar na sainmhínithe agus na forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn gan moill mhíchuí, ach gach sé

mhí ar a laghad agus, más gá, í a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Ba cheart tús a chur leis an measúnú ag an gCoimisiún ar an gcothaíonn córas IS riosca ard a thosú ag an am céanna leis an measúnú um shábháilteacht táirge, ionas nach mbeidh cás ann ina mbeidh córas ardriosca IS formheasta cheana don mhargadh ach gan é fós aicmithe mar chóras ardriosca agus ar an gcaoi sin go mbeadh sé ag oibriú d'uireasa an chlúdaigh árachais shainordaithe. Chun a ndóthain slándála pleanála agus infheistíochta a thabhairt do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí taighde, níor cheart athruithe a dhéanamh ar na hearnálacha ríthábhachtacha ach gach dhá mhí dhéag. Ba cheart a iarraidh ar oibreoirí fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás ina bhfuil siad ag obair ar theicneolaíocht, ar tháirgí nó ar sheirbhísí nua a thagann faoi cheann de na hearnálacha criticiúla atá ann cheana agus dá bhforáiltear san Iarscríbhinn agus a d'fhéadfadh a bheith incháilithe ina dhiaidh sin mar chóras IS ardriosca.

(15) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí leis na geallsealbhóirí ábhartha le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4]. Ba cheart do bhuanchoiste ar a dtugtar 'Coiste Teicniúil – córais IS ardriosca' (BCRIS) tacú leis an gCoimisiún ina athbhreithniú rialta faoin Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh an buanchoiste sin comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, mar aon le roghnú cothrom geallsealbhóirí, lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí, comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine lena mbaineann, ionadaithe gnólachtaí ó earnálacha agus ó mhéideanna éagsúla, chomh maith le taighdeoirí agus eolaithe. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus bhuanchoiste BCRIS a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(16) Ba cheart a chumhdach leis an Rialachán seo díobháil nó damáiste do bheatha, do shláinte, d'iomláine choirp, do mhaoin, agus díobháil shuntasach neamhábhartha a mbíonn caillteanas eacnamaíoch inf híoraithe os cionn tairsí mar thoradh uirthi, atá comhchuibhithe i ndlí dliteanais an Aontais, a chuireann cothromaíocht idir rochtain ar cheartas na ndaoine dá ndéantar difear le leasanna daoine eile lena mbaineann. Ba cheart don Choimisiún athmheastóireacht a dhéanamh ar na tairseacha do dhamáistí i ndlí an Aontais agus iad a ailíniú. Ba cheart a thuiscint go gciallaíonn díobháil shuntasach neamhábhartha díobháil a bhfuil mar thoradh uirthi dochar suntasach don duine dá ndéantar difear, lagú oibiachtúil inléirithe ar a leasanna pearsanta agus caillteanas eacnamaíoch a ríomhtar ag féachaint, mar shampla, do mheánfhigiúirí bliantúla an ioncaim a bhí ann roimhe seo agus d'imthosca ábhartha eile. Ba cheart a chinneadh freisin leis an Rialachán seo cad é méid an chúitimh agus a mhéid is féidir

[4] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

cúiteamh a dhéanamh, chomh maith leis an tréimhse teorann chun éilimh dhliteanais a thionscnamh. Ba cheart uasteorainn níos ísle i bhfad a leagan amach sa Rialachán seo le haghaidh cúitimh ná an uasteorainn dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Dliteanas Táirgí, ós rud é nach ndéantar tagairt sa Rialachán seo ach do dhochar nó damáiste do dhuine aonair mar thoradh ar oibríocht aonair de chuid chóras IS, agus go dtagraíonn an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí do roinnt táirgí nó fiú do tháirge atá i gcomhréir leis an locht céanna.

(17) Gach uile ghníomhaíocht, feiste nó próiseas arna dtiomáint le córais IS agus nach bhfuil liostaithe mar chóras ardriosca IS san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart go mbeidís fós faoi réir dliteanas lochtbhunaithe, ach amháin i gcás ina mbíonn rialacha náisiúnta agus reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí i bhfeidhm. Ba cheart go leanfadh feidhm le dlíthe náisiúnta na mBallstát, lena n-áirítear aon chás-dlí ábhartha, maidir le méid an chúitimh agus a mhéid is féidir cúiteamh a dhéanamh, chomh maith leis an tréimhse teorann. Ba cheart go rachadh toimhde locht an oibreora chun tairbhe do dhuine a mbaineann díobháil nó damáiste dó arb é córas IS is cúis leis agus nach liostaítear mar chóras IS.

(18) Ba cheart an dícheall a bhféadfaí a bheith ag súil leis ó oibreoir a bheith i gcomhréir le (i) cineál an chórais IS; (ii) ceart an duine a bhféadfaí difear a dhéanamh dó atá faoi chosaint dlí; (iii) go bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an díobháil nó leis an damáiste a d’fhéadfadh a bheith ann do chóras AI; agus (iv) an dóchúlacht go ndéanfar damáiste den sórt sin; Ar an gcaoi sin, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfadh eolas teoranta a bheith ag an oibreoir ar na halgartaim agus ar na sonraí a úsáidtear i gcóras IS. Ba cheart a thoimhdiú gur thug an t-oibreoir faoi deara an cúram cuí is féidir a bheith ag súil leis uaidh nó uaithi le réasún agus córas oiriúnach AI á roghnú aige nó aici, más rud é gur roghnaigh an t-oibreoir córas IS a deimhníodh faoi scéim cosúil leis an scéim dheonach deimhniúcháin atá beartaithe ag an gCoimisiún[5]. Ba cheart a thoimhdiú go bhfuil cúram cuí déanta ag an oibreoir le linn oibriú an chórais IS más rud é gur féidir leis an oibreoir a chruthú go ndearna sé nó sí faireachán ar an gcóras IS, go hiarbhír agus go rialta, le linn a oibríochta agus gur thug sé nó sí fógra don mhonaróir i dtaobh aon neamhrialtachtaí féideartha le linn na hoibríochta. Ba cheart a thoimhdiú gur thug an t-oibreoir faoi deara an cúram cuí is féidir a bheith ag súil leis uaidh nó uaithi le réasún i dtaca leis an iontaofacht oibríochtúil a chothabháil, más rud é gur shuiteáil an t-oibreoir gach nuashonrú atá ar fáil ag táirgeoir chóras IS. Ós rud é gur féidir leibhéal sofaisticiúlachta na n-oibreoirí a bheith éagsúil ag brath ar cibé acu tomhaltóirí nó gairmithe amháin iad, ba cheart dualgais an chúraim a oiriúnú dá réir.

(19) Chun a chur ar chumas an oibreora a chruthú nach raibh an locht air nó uirthi, nó chun a chur ar chumas an duine dá ndéantar difear a chruthú gurb ann do locht, ba cheart é a bheith de dhualgas ar tháirgeoirí comhoibriú leis an dá pháirtí lena mbaineann, lena n-

[5] Féach leathanach 24 den Pháipéar Bán ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal ‘An Intleacht Shaorga - Cur chuige Eorpach atá dírithe ar bharr feabhais agus ar mhuinín’ (COM(2020)0065).

áirítear trí fhaisnéis dhea-dhoiciméadaithe a sholáthar. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar tháirgeoirí Eorpacha atá bunaithe laistigh den Aontas agus lasmuigh den Aontas ionadaí dliteanais IS a ainmniú laistigh den Aontas mar phointe teagmhála chun freagra a thabhairt ar gach iarraidh ó oibreoirí, ar bhealach comhchosúil leis na hoifigigh cosanta sonraí mar a leagtar amach in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], d'ionadaí an mhonaróra mar a leagtar amach in Airteagal 3(41) agus Airteagal 13(4) de Rialachán 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] nó don ionadaí údaraithe mar a leagtar amach in Airteagal 4(2) agus in Airteagal 5 de Rialachán 2019/1020 ón gComhairle[8].

(20) Ní mór don reachtóir na rioscaí dliteanais a bhaineann le córais IS a mheas le linn a saolré ar fad, ón bhforbairt go dtí an úsáid a bhaintear as go dtí deireadh an tsaoil, lena n-áirítear bainistiú na dramhaíola agus na hathchúrsála. Tá riosca airgeadais do ghnólachtaí ag baint le córais IS a áireamh i dtáirge nó i seirbhís agus, dá bhrí sin, beidh tionchar trom aige ar chumas FBManna agus ar roghanna dóibh, chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta, maidir lena dtionscadail a árachú agus a mhaoiniú bunaithe ar theicneolaíochtaí nua. Dá bhrí sin, ní hamháin gurb é is cuspóir don dliteanas cearta tábhachtacha daoine aonair atá faoi chosaint dlí a chosaint, ach chomh maith leis sin go ndéantar a chinneadh an bhfuil gnólachtaí, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, in ann caipiteal a thiomsú, nuáil a dhéanamh agus ar deireadh thiar táirgí agus seirbhísí nua a thairiscint, agus chomh maith leis sin an bhfuil muinín ag na custaiméirí as na táirgí agus na seirbhísí sin agus an bhfuil siad toilteanach iad a úsáid in ainneoin na rioscaí agus na n-éileamh dlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith á dtabhairt ina gcoinne i leith na dtáirgí agus na seirbhísí sin.

(21) Le hárachas is féidir a chinntiú go bhfaigheann íospartaigh cúiteamh éifeachtach agus go gcomhthiomsaíonn siad rioscaí gach duine árachaithe. Ar cheann de na tosca ar a mbunaíonn cuideachtaí árachais a dtairiscint táirgí agus seirbhísí árachais tá measúnú riosca bunaithe ar rochtain ar shonraí éilimh stairiúla leordhóthanacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ag an tús táirgí árachais a chruthú le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn mar gheall ar easpa rochtana ar shonraí ardcháilíochta nó ar chainníocht easnamhach orthu sin. Mar sin féin, trí rochtain níos

---

[6] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[7] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán CE Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018. lch. 1.

[8] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

fearr a thabhairt ar shonraí arna nginiúint ag teicneolaíochtaí nua agus an úsáid astu a optamú, in éineacht le hoibleagáid faisnéis dhea-dhoiciméadaithe a sholáthar, dhéanfaí feabhas a chur ar chumas árachóirí rioscaí atá ag teacht chun cinn a shamhaltú agus forbairt chumhdaigh níos nuálaí a chothú.

(22) Ós rud é go bhfuil sonraí maidir le héileamh stairiúil ar iarraidh, ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar conas agus cé na coinníollacha faoina bhfuil an dliteanas inárachaithe, d'fhonn árachas a nascadh leis an táirge agus ní leis an duine atá freagrach. Tá táirgí árachais ann cheana féin a fhorbraítear de réir réimsí agus clúdaigh de réir mar a fhorbraítear an teicneolaíocht. Is iomaí árachóir a dhéanann speisialtóireacht i ndeighleoga áirithe margaidh (e.g. FBManna) nó a chuireann cumhdach ar fáil le haghaidh cineálacha áirithe táirgí (e.g. earraí leictreacha), rud a chiallaíonn de ghnáth go mbeidh táirge árachais ar fáil don árachaí. Is deacair réiteach amháin a bheadh oiriúnach do chách a thuar, áfach, agus beidh am ag teastáil chun go mbeadh an margadh árachais in ann dul in oiriúint. Ba cheart don Choimisiún oibriú go dlúth leis an margadh árachais chun táirgí nuálacha árachais a fhorbairt a d'fhéadfadh bearna an árachais a dhúnadh. I gcásanna eisceachtúla, amhail teagmhas a thabhaíonn damáistí comhchoiteanna, inar mó go mór an cúiteamh ná na huasmhéideanna a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun ciste cúitimh speisialta a chur ar bun ar feadh tréimhse theoranta ama, lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha na gcásanna sin. D'fhéadfaí cistí cúitimh speisialta a chur ar bun freisin chun na cásanna eisceachtúla sin a chumhdach ina ndéantar córas IS, nach bhfuil aicmithe fós mar chóras IS ardriosca, agus dá bhrí sin nach bhfuil árachaithe go fóill, díobháil ná damáiste. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun an oibleagáid maidir le gach duine a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chomhlíonadh, ba cheart an ciste cúitimh speisialta a bheith ann chomh maith leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as a phoibliú ar bhealach soiléir agus cuimsitheach.

(23) Tá sé ríthábhachtach aon athruithe a dhéanfar ar an Rialachán seo amach anseo a bheith nasctha go dlúth leis an athbhreithniú is gá ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí, chun í a athbhreithniú ar bhealach cuimsitheach agus comhsheasmhach agus chun cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe uile lena mbaineann a ráthú ar fud an tslabhra dliteanais. Chun córas nua dliteanais a thabhairt isteach d'oibreoir chórais IS, ní mór forálacha an Rialacháin seo agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí a chomhordú go dlúth i dtéarmaí substainte chomh maith le cur chuige ionas go mbeidh siad le chéile ina gcreat comhsheasmhach dliteanais le haghaidh chórais IS, agus cothromú á dhéanamh ar leasanna an táirgeora, an oibreora, an tomhaltóra agus an duine dá ndéantar difear, i leith an riosca dliteanais agus na socruithe ábhartha cúitimh. Dá bhrí sin, is gá oiriúnú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na sainmhínithe ar chóras IS, ar an oibreoir tosaigh agus ar an oibreoir cúil, ar tháirgeoir, ar locht, ar tháirge agus ar sheirbhís ar fud gach píosa reachtaíochta agus ba cheart iad a bheartú go comhuaineach.

(24) Ós rud é go n-éilítear le cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon cur chuige atá dírithe ar an

todhchaí agus atá aontaithe a chruthú ar leibhéal an Aontais, lena leagtar síos caighdeáin chomhchoiteanna Eorpacha dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí agus comhsheasmhacht na gceart agus na deimhneachta dlíthiúla a áirithiú ar fud an Aontais, chun ilroinnt an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a sheachaint, rud a chuirfeadh bac ar an sprioc maidir le ceannasacht dhigiteach a choinneáil agus nuálaíocht dhigiteach a chothú san Eoraip, agus cosaint ardleibhéil a áirithiú do chearta saoránach agus tomhaltóirí, ní foláir go mbeidh na réimis dliteanais do chórais AIF comhchuibhithe go hiomlán. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit an méid sin a bhaint amach go leordhóthanach i ngeall ar an athrú mear teicneolaíoch, ar an bhforbairt trasteorann, ar an úsáid a bhaintear as córais IS agus ar deireadh, ar na cineálacha cur chuige reachtacha atá ag teacht salach ar a chéile ar fud an Aontais, is ar leibhéal an Aontais, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, a bheifear in ann é a bhaint amach. Féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

***Caibidil I***

***Forálacha ginearálta***

***Airteagal 1***
*Ábhar*

Leagtar amach sa Rialachán seo rialacha maidir le héilimh faoi dhliteanas sibhialta daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha i gcoinne oibreoirí chórais IS.

***Airteagal 2***
*Raon feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo ar chríoch an Aontais i gcás ina bhfuil díobháil nó damáiste do bheatha, do shláinte, do shláine coirp duine nádúrtha nó do mhaoin duine nádúrtha nó dlítheanach, nó díobháil shuntasach neamhábhartha a mbíonn caillteanas eacnamaíoch infhíoraithe mar thoradh uirthi, déanta ag gníomhaíocht, feiste nó próiseas, bíodh sé fisiciúil nó fíorúil, arna spreagadh le córas IS.

2. Aon chomhaontú idir oibreoir chóras IS agus duine nádúrtha nó dlítheanach a fhulaingíonn díobháil nó damáiste mar gheall ar chóras IS, a imeoidh timpeall ar na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo nó a chuirfidh teorainn leo, a tugadh i gcrích é sula ndearnadh an díobháil nó an damáiste nó ina dhiaidh sin, measfar é a bheith ar neamhní go hiomlán maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo.

3. Tá an Rialachán seo gan dochar d'aon éilimh maidir le dliteanas breise a eascraíonn ó ghaolmhaireacht chonarthach, agus do rialacháin maidir le dliteanas i leith táirgí, cosaint tomhaltóirí, frith-idirdhealú, cosaint saothair agus cosaint an chomhshaoil idir an t-oibreoir agus an duine nádúrtha nó dlítheanach a d'fhulaing díobháil nó damáiste mar gheall ar chóras IS agus is féidir a thabhairt i gcoinne an oibreora faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

***Airteagal 3***
*Sainmhínithe*

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'córas IS' córas atá bunaithe ar bhogearraí nó atá leabaithe i bhfeistí crua-earraí, agus a léiríonn iompraíocht a insamhlaíonn éirimiúlacht trí, *inter alia*, bhailiú, próiseáil, anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar a thimpeallacht, agus trí ghníomhaíocht a dhéanamh, le leibhéal áirithe neamhspleáchais, chun spriocanna sonracha a bhaint amach;

(b) ciallaíonn 'uathrialach' córas na hintleachta saorga a fheidhmíonn trí ionchur áirithe a léirmhíniú agus trí shraith treoracha réamhchinntithe a úsáid, gan a bheith teoranta do na treoracha sin, in ainneoin go bhfuil iompraíocht an chórais srianta ag an sprioc a

tugadh dó agus dírithe ar an sprioc sin a chomhlíonadh agus ag roghanna deartha ábhartha eile arna ndéanamh ag a fhorbróir;

(c) ciallaíonn 'ardriosca' acmhainneacht shuntasach i gcóras IS a fheidhmíonn go huathrialach chun díobháil nó damáiste a dhéanamh do dhuine amháin nó do níos mó ná duine amháin ar bhealach randamach agus a théann níos faide ná mar a mbeifí ag dréim leis go réasúnach; braitheann tábhacht na hacmhainneachta ar an idirghníomhú idir déine na díobhála nó an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann, leibhéal neamhspleáchais na cinnteoireachta, an dóchúlacht go dtiocfaidh an riosca chun cinn agus an bealach ina mbeidh córas IS in úsáid;

(d) ciallaíonn 'oibreoir' an t-oibreoir tosaigh agus an t-oibreoir cúil ar choinníoll nach gcumhdaítear dliteanas an oibreora cúil sin cheana féin le Treoir 85/374/CEE;

(e) ciallaíonn 'an t-oibreoir tosaigh' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fheidhmíonn méid áirithe smachta ar an riosca a ghabhann le hoibriú agus feidhmiú an chórais IS agus go dtairbhíonn sé as oibriú an chórais sin;

(f) ciallaíonn 'an t-oibreoir cúil' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann, ar bhonn leanúnach, gnéithe na teicneolaíochta a shainiú agus a sholáthraíonn sonraí agus seirbhísí tacaíochta cúil atá bunriachtanach agus, dá bhrí sin, a fheidhmíonn méid áirithe smachta ar an riosca a ghabhann le hoibriú agus feidhmiú an chórais IS;

(g) ciallaíonn 'smacht a fheidhmiú' aon ghníomhaíocht de chuid an oibreora a bhfuil tionchar aige ar oibriú an chórais IS agus, dá réir sin, a mhéid a dhéanann an córas sin tríú páirtithe a fhágáil gan chosaint ar rioscaí féideartha; go bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin tionchar a imirt ar oibriú chóras IS ag céim ar bith tríd an ionchur, aschur nó torthaí a chinneadh, nó go bhféadfaidís feidhmeanna nó próisis laistigh de chóras IS a athrú; a mhéid a chinntear na gnéithe sin d'oibriú chóras IS leis an ngníomhaíocht, braitheann sé ar an leibhéal tionchair atá ag an oibreoir ar an riosca a bhaineann le hoibriú agus feidhmiú chóras IS;

(h) ciallaíonn 'duine dá ndéantar difear' aon duine a ndéantar díobháil dó nó a ndéantar damáiste dó nó di de bharr gníomhaíocht, feiste nó próiseas, bídís fisiciúil nó fíorúil, arna spreagadh ag córas IS, agus nach iad oibreoir an chórais sin iad;

(i) ciallaíonn 'díobháil nó damáiste' tionchar díobhálach a imríonn tionchar ar bheatha, ar shláinte, ar shláine coirp duine nádúrtha, ar mhaoin duine nádúrtha nó dhlítheanaigh nó a dhéanann díobháil neamhábhartha shuntasach a mbíonn caillteanas eacnamaíoch infhíoraithe mar thoradh uirthi;

(j) 'ciallaíonn 'táirgeoir' an táirgeoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Treoir 85/374/CEE ón gComhairle[9].

***Caibidil II***

[9] Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

***Córais ardriosca IS***

***Airteagal 4***

*Diandliteanas i leith chórais ardriosca IS*

1. Beidh oibreoir chórais ardriosca IS faoi dhliteanas docht i leith aon dochair nó damáiste arbh í gníomhaíocht feiste nó próiseas, bídís fisiciúil nó fíorúil, arna dtiomáint ag an gcóras IS sin.

2. Liostófar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na córais ardriosca uile agus na hearnálacha criticiúla uile ina n-úsáidfear iad. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 13 chun an liosta uileghabhálach sin a leasú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cineálacha nua córas ardriosca IS agus earnálacha criticiúla ina mbaintear leas astu a chur san áireamh;

(b) cineálacha chórais IS nach féidir a mheas a thuilleadh go mbaineann ardriosca leo a scriosadh; agus/nó

(c) na hearnálacha criticiúla a athrú i gcás na gcóras ardriosca IS atá ann cheana.

Tiocfaidh aon ghníomh tarmligthe lena leasófar an Iarscríbhinn i bhfeidhm 6 mhí tar éis a ghlactha. Agus córais ardriosca nua IS agus/nó earnálacha criticiúla nua a bheidh le cur isteach trí bhíthin gníomhartha tarmligthe san Iarscríbhinn á gcinneadh ag an gCoimisiún, cuirfidh sé san áireamh go hiomlán na critéir a leagtar amach sa Rialachán seo, go háirithe na critéir sin dá dtagraítear in Airteagal 3(c).

3. Ní bheidh oibreoirí chórais IS ardriosca in ann iad féin a shaoradh ó dhliteanas trína áitiú gur ghníomhaigh siad le dúthracht chuí nó gur gníomhaíocht, feiste nó próiseas uathrialaitheach arna thiomáint ag a gcóras IS ba chúis leis an díobháil nó leis an damáiste. Ní chuirfear oibreoirí faoi dhliteanas más *force majeure* ba chúis leis an díobháil nó leis an damáiste.

4. Áiritheoidh oibreoir tosaigh chóras IS ardriosca go mbeidh oibríochtaí an chórais IS sin cumhdaithe ag árachas dliteanais atá leormhaith maidir le méideanna agus méid an chúitimh dá bhforáiltear in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán seo. Áiritheoidh an t-oibreoir cúil go mbeidh a chuid seirbhísí cumhdaithe ag dliteanas gnó nó árachas dliteanais táirge atá leormhaith maidir le méideanna agus méid an chúitimh dá bhforáiltear in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán seo. Má mheastar go gcumhdaíonn na réimis árachais éigeantaigh atá i bhfeidhm cheana féin de bhun dhlí eile de chuid an Aontais nó an dlí náisiúnta nó cistí árachais chorparáidigh dheonaigh atá ann cheana oibriú chóras IS nó na seirbhíse arna soláthar, measfar go mbeidh an oibleagáid árachas a bhaint amach do chóras IS nó don tseirbhís a sholáthraítear de bhun an Rialacháin seo comhlíonta, fad a chumhdófar leis an árachas éigeantach ábhartha atá ann cheana nó leis na cistí árachais chorparáidigh dheonaigh na méideanna agus méid an chúitimh dá bhforáiltear in Airteagail 5 agus 6 den Rialachán seo.

5. Beidh forlámhas ag an Rialachán seo ar réimis náisiúnta dliteanais i gcás ina mbeidh aicmiú diandliteanais ar chórais TF ag teacht salach ar a chéile.

*Airteagal 5*
*Méid an chúitimh*

1. Déanfaidh oibreoir chóras IS a cuireadh faoi dhliteanas i leith díobhála nó damáiste faoin Rialachán seo cúiteamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(a) suas le huasmhéid EUR dhá mhilliún i gcás bás duine dá ndéantar difear, nó i gcás díobhála a dhéantar do shláinte nó d'iomláine coirp duine dá ndéantar difear, mar thoradh ar oibriú chóras IS ardriosca;

(b) suas le huasmhéid EUR aon mhilliún i gcás díobháil shuntasach neamhábhartha as a n-eascraíonn caillteanas infhíoraithe eacnamaíoch nó damáiste a rinneadh do mhaoin, lena n-áirítear nuair a rinneadh damáiste do roinnt itimí maoine de chuid duine dá ndéantar difear mar thoradh ar oibríocht aonair de chuid chóras aonair IS ardriosca; i gcás ina bhfuil éileamh ar dhliteanas conarthach i gcoinne an oibreora ag an duine dá ndéantar difear freisin, ní íocfar aon chúiteamh faoin Rialachán seo, má tá méid iomlán an damáiste do mhaoin nó an díobháil shuntasach neamhábhartha de luach atá faoi bhun [EUR 500].

2. I gcás inar mó an cúiteamh comhcheangailte a bheidh le híoc le roinnt daoine a fhulaingíonn díobháil nó damáiste de dheasca oibríocht chéanna an chórais IS ardriosca chéanna ná na huasmhéideanna iomlána dá bhforáiltear i mír 1, déanfar na méideanna a bheidh le híoc le gach duine a laghdú *pro rata* ionas nach sáróidh an cúiteamh comhcheangailte na méideanna uasta a leagtar amach i mír 1.

*Airteagal 6*
*A mhéid is féidir cúiteamh a dhéanamh*

1. Laistigh den mhéid a leagtar amach in Airteagal 5(1)(a), déanfar an cúiteamh a bheidh le híoc ag an oibreoir a bheidh faoi dhliteanas i gcás díobhála coirp agus ina bhfaighidh an duine dá ndéantar difear bás ina dhiaidh sin a ríomh bunaithe ar chostais na cóireála leighis a cuireadh ar an duine dá ndéantar difear roimh a bhás nó roimh a bhás nó a bás, agus bunaithe ar an dochar airgid a tharla roimh an mbás de bharr scor nó laghdú an chumais tuillimh nó an mhéadaithe ar a riachtanais ar feadh ré na díobhála roimh bhás. Thairis sin, aisíocfaidh an t-oibreoir a bheidh faoi dhliteanas costais sochraide an duine éagtha dá ndéantar difear leis an bpáirtí atá freagrach as na costais sin a ghlanadh.

Más rud é, tráth an teagmhais ba chúis leis an díobháil ba chúis lena bhás nó lena bás, go raibh an duine lena mbaineann i gcaidreamh le tríú páirtí agus go raibh oibleagáid dhlíthiúil air nó uirthi tacaíocht a thabhairt don tríú páirtí sin, slánóidh an t-oibreoir a bhí faoi dhliteanas an tríú páirtí trí chothabháil a íoc a mhéid a bheadh sé d'oibleagáid ar an duine dá ndéantar difear íoc, ar feadh na tréimhse a chomhfhreagraíonn do mheánionchas saoil do dhuine dá aois nó dá haois agus dá thuairisc ghinearálta. Slánóidh an t-oibreoir an tríú páirtí freisin más rud é, tráth an teagmhais ba chúis leis an mbás, gur gineadh an tríú páirtí ach nár rugadh go

fóill é nó í.

2. Laistigh den mhéid a leagtar amach in Airteagal 5(1)(b), áireofar leis an gcúiteamh a bheidh le híoc ag an oibreoir a bheidh faoi dhliteanas i gcás ina ndéanfar díobháil do shláinte nó do shláine coirp an duine dá ndéantar difear aisíoc chostais na cóireála leighis gaolmhaire mar aon le híocaíocht aon dochair airgid a fhulaingeoidh an duine dá ndéantar difear, mar thoradh ar fhionraí shealadach, laghdú nó scor buan dá chumas tuillimh nó ar an méadú dá bharr sin a dheimhnítear ó thaobh leighis de ar a riachtanais.

### *Airteagal 7*

*Tréimhse teorann*

1. Beidh éilimh ar dhliteanas sibhialta, arna dtabhairt i gcomhréir le Airteagal 4(1), a bhaineann le díobháil do bheatha, do shláinte nó do shláine coirp, faoi réir tréimhse teorann speisialta 30 bliain ón dáta ar tharla an díobháil.
2. Beidh éilimh ar dhliteanas sibhialta, arna dtabhairt i gcomhréir le Airteagal 4(1), agus a bhaineann le damáiste do mhaoin faoi réir na dtréimhsí teorann speisialta seo a leanas:

(a) 10 bliana ón dáta a tharla an damáiste do mhaoin nó an caillteanas eacnamaíoch infhíoraithe a tháinig as an díobháil shuntasach neamhábhartha, faoi seach, nó;

(b) 30 bliain ón dáta a tharla oibríocht an chórais ardriosca IS ba chúis leis an damáiste do mhaoin nó an díobháil neamhábhartha ina dhiaidh sin.

Maidir leis na tréimhsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh an tréimhse a mbeidh deireadh léi infheidhme ar dtús.

3. Beidh an tAirteagal seo gan dochar don dlí náisiúnta lena rialaítear fionraí nó briseadh na dtréimhsí teorann.

## *Caibidil III*

## *Córais eile IS*

### *Airteagal 8*

*Dliteanas lochtbhunaithe i gcás chórais eile IS*

1. Maidir le hoibreoir chóras IS nach ionann é agus córas IS ardriosca mar a leagtar síos in Airteagail 3(c) agus 4(2) agus, mar thoradh air sin, nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo é, beidh sé faoi réir dliteanais lochtbhunaithe i leith aon díobhála nó damáiste arbh í gníomhaíocht, feiste nó próiseas, bídís fisiciúil nó fíorúil, arna dtiomáint ag an gcóras IS ba chúis leis.

2. Ní bheidh an t-oibreoir faoi dhliteanas más féidir leis nó léi a chruthú nach air nó uirthi a bhí an locht i gcás na díobhála nó an damáiste a rinneadh, ag brath ar cheachtar de na forais seo a leanas:

(a) gur gníomhachtaíodh córas AI i ngan fhios dó nó di fad a rinneadh gach beart réasúnach agus riachtanach chun an gníomhachtú sin a sheachaint lasmuigh de

rialú an oibreora, nó;

(b) rinneadh an dícheall cuí trí na gníomhartha uile seo a leanas a dhéanamh: córas IS oiriúnach a roghnú don tasc ceart agus do na scileanna cearta, agus córas AI á chur i bhfeidhm go cuí, faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus an iontaofacht oibríochtúil a chothabháil trí gach nuashonrú atá ar fáil a shuiteáil go rialta.

Ní bheidh an t-oibreoir in ann dliteanas a sheachaint trí argóint a dhéanamh gur gníomhaíocht uathrialach, feiste nó próiseas arna tiomáint nó arna thiomáint ag a chóras IS ba chúis leis an díobháil nó leis an damáiste. Ní bheidh an t-oibreoir faoi dhliteanas más *force majeure* ba chúis leis an díobháil nó leis an damáiste.

3. I gcás inarb é tríú páirtí a chuir isteach ar an gcóras IS a rinne an díobháil nó an damáiste trína fheidhmiú nó a éifeachtaí a mhodhnú, beidh an t-oibreoir faoi dhliteanas cúiteamh a íoc mar sin féin má tá an tríú páirtí sin neamh-inrianaithe nó gan airgead.

4. Arna iarraidh sin don oibreoir nó don duine dá ndéantar difear, beidh sé de dhualgas ar tháirgeoir chóras IS comhoibriú leo, agus faisnéis a sholáthar dóibh, a mhéid is gá de bharr thábhacht an éilimh, chun go bhféadfar na dliteanais a shainaithint.

***Airteagal 9***

*Forálacha náisiúnta maidir le cúiteamh agus tréimhse teorann*

Éilimh ar dhliteanas sibhialta a dhéanfar i gcomhréir le Airteagal 8(1), beidh siad, i ndáil le tréimhsí teorann chomh maith le méid an chúitimh agus a mhéid is féidir cúiteamh a dhéanamh, faoi réir dhlíthe an Bhallstáit inar tharla an díobháil nó an damáiste.

***Caibidil IV***

***Cionroinnt dliteanais***

***Airteagal 10***

*Faillí rannpháirteach*

1. Más rud é gurb í is cúis leis an díobháil nó leis an damáiste gníomhaíocht, feiste nó próiseas, bídís fisiciúil nó fíorúil, arna dtiomáint ag córas IS, agus ag gníomhaíochtaí duine dá ndéantar difear nó gníomhaíochtaí duine ar bith a bhfuil an duine dá ndéantar difear freagrach as, déanfar méid dliteanais an oibreora faoin Rialachán seo a laghdú dá réir. Ní bheidh an t-oibreoir faoi dhliteanas más rud é go luíonn an chuntasacht, go príomha nó go hiomlán, as an díobháil nó as an damáiste a rinneadh leis an duine dá ndéantar difear nó an duine a bhfuil sé nó sí freagrach as.

2. Féadfaidh oibreoir atá faoi dhliteanas na sonraí arna nginiúint ag córas AI a úsáid chun faillí rannpháirteach an duine dá ndéantar difear a chruthú, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus le dlíthe ábhartha eile maidir le cosaint sonraí. Féadfaidh an duine dá ndéantar difear na sonraí sin a úsáid freisin mar mhodh cruthúnais nó mar shoiléiriú san éileamh

dliteanais.

***Airteagal 11***

*Dliteanas comhpháirteach agus leithleach*

I gcás ina mbeidh níos mó ná oibreoir amháin ar chóras IS ann, beidh siad faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach. Más táirgeoir chóras IS é oibreoir tosaigh freisin, beidh forlámhas ag an Rialachán seo ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí. Má cháilíonn an t-oibreoir tosaigh mar tháirgeoir freisin mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Treoir maidir le Dliteanas Táirgí, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir sin maidir leis nó léi. Mura bhfuil ach oibreoir amháin ann agus gurb é an t-oibreoir sin táirgeoir chóras IS freisin, ba cheart forlámhas a bheith ag an Rialachán seo ar an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí.

***Airteagal 12***

*Dul ar iontaoibh cúitimh*

1. Ní bheidh an t-oibreoir i dteideal gníomhaíocht ar iontaoibh a shaothrú ach amháin má tá aon chúiteamh íoctha go hiomlán leis an duine dá ndéantar difear, ar cúiteamh é a bheidh an duine sin i dteideal a fháil faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach le hoibreoirí eile i leith duine dá ndéantar difear agus gur thug sé cúiteamh iomlán don duine dá ndéantar difear, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) nó le hAirteagal 8(1), féadfaidh an t-oibreoir sin cuid den chúiteamh a aisghabháil ó na hoibreoirí eile, i gcomhréir lena dhliteanas nó lena dliteanas.

Beidh cion an dliteanais bunaithe ar na céimeanna rialaithe faoi seach a bhí ag na hoibreoirí ar an riosca a bhaineann le hoibriú agus feidhmiú an chórais IS. Mura féidir an ranníocaíocht atá inchurtha i leith oibreora atá faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach a fháil uaidh nó uaithi, iompróidh na hoibreoirí eile an gannchion. Sa mhéid go gcúitíonn oibreoir atá faoi dhliteanas comhpháirteach agus go leithleach an duine dá ndéantar difear agus go n-éilíonn sé na réamhíocaíochtaí a choigeartú ó na hoibreoirí eile atá faoi dhliteanas, déanfar éileamh an duine dá ndéantar difear i gcoinne na n-oibreoirí eile a sheachú chuige nó chuici. Ní dhéanfar seachaíocht éileamh a dhearbhú chun míbhuntáiste an éilimh bhunaidh.

3. I gcás ina slánóidh oibreoir chóras IS lochtach an duine dá ndéantar difear go hiomlán i leith díobhála nó damáistí i gcomhréir le hAirteagal 4(1) nó 8(1), féadfaidh sé caingean a thabhairt le haghaidh sásaimh in aghaidh tháirgeoir chóras IS atá lochtach i gcomhréir le Treoir 85/374/CEE agus le forálacha náisiúnta a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha.

4. I gcás ina slánóidh árachóir an oibreora an duine dá ndéantar difear i leith díobhála nó damáiste i gcomhréir le hAirteagal 4(1) nó 8 (1), déanfar aon éileamh maidir le dliteanas sibhialta a dhéanfaidh an duine dá ndéantar difear i gcoinne duine eile as an damáiste céanna a dhéanfar a sheachú chuig árachóir an oibreora i suim a bheidh comhionann leis an méid a chúiteoidh árachóir an oibreora an duine dá ndéantar difear.

***Caibidil V***

***Forálacha críochnaitheacha***

***Airteagal 13***

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón [*dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí mar a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán leis an mBuanchoiste Teicniúil um Chórais ardriosca IS (coiste BCRIS) i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 4(2) seo i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta a dtabharfar fógra nó, más rud é, sula mbeidh an tréimhse sin caite, go mbeidh sé curtha in iúl don Choimisiún ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

***Airteagal 14***

*Athbhreithniú*

Faoin 1 Eanáir 202X [3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mhionsonraithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa lena n-athbhreithneofar an Rialachán seo i bhfianaise tuilleadh forbartha ar an Intleacht Shaorga.

Agus an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír á hullmhú aige, iarrfaidh an Coimisiún

faisnéis ábhartha ó na Ballstáit a bhaineann le cásdlí, le socraíochtaí cúirte chomh maith le staidreamh faoi thionóiscí, amhail líon na dtionóiscí, an damáiste a fulaingíodh, iarratais IS lena mbaineann, cúiteamh arna íoc ag cuideachtaí árachais, chomh maith le measúnú ar líon na n-éileamh a rinne daoine dá ndéantar difear, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, agus ar na tréimhsí ama ina ndéileáiltear leis na héilimh sin sa chúirt.

Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, lena mbeartaítear aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí arna sainaithint sa tuarascáil.

***Airteagal 15***

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 202X.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

## IARSCRÍBHINN

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá ról tábhachtach déach ag coincheap an 'dliteanais' inár saol ó lá go lá: ar lámh amháin, áirithíonn sé go bhfuil duine a d'fhulaing díobháil i dteideal cúiteamh a éileamh ón duine a bhfuil sé cruthaithe ina leith gurb é nó gurb í atá faoi dhliteanas don díobháil sin, agus ar an lámh eile, tugann sé dreasacht eacnamaíoch do dhaoine gan a bheith ina gcúis le díobháil ar an gcéad dul síos. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféachfadh aon chreat dliteanais atá dírithe ar an todhchaí le cóimheá a aimsiú idir cosaint éifeachtach a thabhairt dóibh siúd a d'fhéadfadh damáiste a fhulaingt agus, ag an am céanna, saoirse a ndóthain a thabhairt dóibh chun go mbeadh sé indéanta dóibh teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí nua a fhorbairt.

Go háirithe ag tús shaolré na dtáirgí agus na seirbhísí nua, tá baol áirithe ann don úsáideoir chomh maith le tríú daoine nach bhfuil rud éigin ag feidhmiú i gceart. Mar sin féin, is príomhchumasóir don dul chun cinn teicniúil é an próiseas tástála agus earráide sin ar dá uireasa nach mbeadh formhór ár dteicneolaíochtaí ann sa lá atá inniu ann. Go dtí seo, le rialacháin agus rialacha láidre na hEorpa maidir le sábháilteacht táirgí bhíothas in ann déileáil leis na rioscaí níos airde a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teicneolaíochtaí nua. Dar le go leor daoine, tá ceisteanna á n-ardú faoin deimhniú sin mar gheall ar theacht chun cinn na hIntleachta Saorga (IS). Is é an rud is uathúla don teicneolaíocht seo ná a 'teimhneacht' nó, i bhfocail eile, an ghné 'bosca dubh' a bhaineann léi. I gcomhcheangal lena nascacht, lena spleáchas ar shonraí seachtracha, lena soghontacht maidir le sáruithe ar an gcibearshlándáil agus lena neamhspleáchas sainiúil, d'fhéadfadh go bhfágfadh rannpháirtíocht chórais IS go mbeadh sé an-chostasach nó dodhéanta fiú é a aithint cé a bhí i gceannas nó cén cód nó cén t-ionchur ba chúis leis an oibríocht dhíobhálach ar deireadh. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag an duine dá ndéanfaí díobháil cúiteamh a fháil.

Cé go bhfuil dúshláin dhlíthiúla nua á gcur ag córais IS roimh ár réimeas dliteanais atá ann faoi láthair, tá go leor cásanna ann nach bhfuil siad chomh difriúil sin le teicneolaíochtaí eile ó thaobh ábharthachta de, agus uaireanta tá siad bunaithe ar bhogearraí atá níos sofaisticiúla fós. Bíonn córais IS nua-aimseartha ag feidhmiú fánach go leor go rialta agus is mór an difear idir iad agus na róbait choinsiasacha a aithnímid ó scannáin Sci-Fi. Dá bhrí sin, tá aon phlé maidir le pearsantacht dhlítheanach a thabhairt do chórais IS imithe i léig. Is é atá i gceist le cur chuige ciallmhar a roghnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhlíthiúla a bhaineann le córais nua IS ná go seachnaímid aon athruithe a dhéanamh ar ár gcreat dliteanais. Más rud é gur bhain díobháil do dhuine de bharr chóras lochtach IS, ba cheart go leanfadh an Treoir um Dhliteanas Táirgí (TDT) de bheith ina modh dlíthiúil chun cúiteamh a lorg ón táirgeoir. Más rud é gur thríú duine trasnaíochta ba chúis leis an díobháil, leis an gcóras dliteanais lochtbhunaithe atá ann cheana sna Ballstáit tairgtear leibhéal leordhóthanach cosanta (i bhformhór na gcásanna). I gcomhréir le prionsabail an Aontais maidir le rialáil níos fearr, ba cheart aon choigeartuithe reachtacha is gá maidir le táirgeoirí agus maidir le tríú daoine trasnaíochta a phlé sna creataí dlíthiúla sin faoi seach.

Mar sin féin, sa tuarascáil seo déantar eisceacht ríthábhachtach amháin óna chreideamh sna réimis dliteanais atá ann cheana: aithnítear inti bearna dhlíthiúil a mhéid a bhaineann le dliteanas imlonnaitheoirí chórais IS. Cé gurb iad na daoine a dhéanann cinntí maidir le húsáid chórais IS na daoine iad a bhfuil smacht acu den chuid is mó ar na rioscaí gaolmhara agus a thairbhíonn dá n-oibríochtaí, theipfeadh ar neart éileamh dliteanais ina gcoinne mar gheall ar neamhábaltacht na ndaoine dá ndéantar difear a chruthú go bhfuil an locht ar an

imlonnaitheoir. Go háirithe i gcásanna inarbh í oibríocht chóras IS i spás poiblí ba chúis leis an díobháil, ní gnách go mbeadh aon chaidreamh conarthach leis an imlonnaitheoir ag an ngrúpa ollmhór de dhaoine dá ndéantar difear a d'fhéadfadh a bheith ann, rud a fhágann nach bhfuil mórán seans ann go gcúiteofaí iad as an díobháil a rinne siad. Molann an Rapóirtéir dhá chur chuige éagsúla chun an bhearna dhlíthiúil sin a réiteach, ag brath ar an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcóras IS:

(1) Córais ardriosca IS: Tá staid imlonnaitheora córais mar sin incurtha go maith le húinéir cairr nó peata. Déanann sé smacht a fheidhmiú ar ítim a chuireann an pobal i mbaol mór, ar bhealach atá randamach agus nach féidir a thuar roimh ré. Dá bhrí sin, ba cheart don imlonnaitheoir - amhail úinéir cairr nó peata - a bheith faoi réir dianréimeas dliteanais agus ba cheart dó an t-íospartach a chúiteamh laistigh de mhéid áirithe agus de shuim áirithe airgid as aon díobháil dá chearta tábhachtacha atá faoi chosaint dlí (beatha, sláinte, sláine coirp, maoin). Sainítear sa Tuarascáil seo critéir shoiléire ar ar féidir le córais IS cáiliú mar chórais ardriosca agus iad a liostú go huileghabhálach in IARSCRÍBHINN. I bhfianaise na mearfhorbairtí teicniúla agus margaidh, agus i bhfianaise an tsaineolais theicniúil atá ag teastáil chun athbhreithniú leormhaith a dhéanamh ar chóras IS, ba cheart gur faoin gCoimisiún Eorpach a bheadh sé an IARSCRÍBHINN a leasú trí ghníomhartha tarmligthe. Ba cheart do bhuanchoiste nuabhunaithe, a mbeadh saineolaithe náisiúnta agus geallsealbhóirí páirteach ann, tacú leis an gCoimisiún ina athbhreithniú ar chórais ardriosca IS.

(2) Córais eile uile IS: Ba cheart, mar sin féin, go dtairbheodh an duine a d'fhulaing díobháil de bharr chóras IS nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn tairbhe de thoimhde lochta i leith an imlonnaitheora. Leanfaidh an dlí náisiúnta lena rialaítear suim agus méid an chúitimh mar aon leis an tréimhse teorann i gcás díobhála ar toradh í ar an gcóras IS de bheith infheidhme.

Ní mór anailís fhollasach a dhéanamh ar na dlíthe atá ann cheana in aon togra le haghaidh reachtaíocht nua chun dúbláil nó forálacha atá ag teacht salach ar a chéile a sheachaint. Bunaithe ar an bprionsabal sin, ní chumhdaítear sa Tuarascáil ach díobháil don bheatha, don tsláinte, do shláine coirp agus do mhaoin. Cé gur féidir le córais IS díobháil shuntasach a dhéanamh do chearta pearsanta agus do leasanna tábhachtacha eile atá faoi chosaint dlí, is fearr i bhfad aghaidh a thabhairt ar na sáruithe sin trí fhorálacha dlíthiúla atá ann cheana agus atá saincheaptha sna réimsí sin (e.g. an dlí frith-idirdhealaithe nó an dlí maidir le cosaint tomhaltóirí). Ar an gcúis chéanna, níor ionchorpraigh an Rapóirtéir úsáid sonraí bithmhéadracha ná teicnící aghaidh-aitheanta ag córais IS; cumhdaítear cheana aon úsáid neamhúdaraithe sa réimse sin le dlíthe sonracha maidir le cosaint sonraí amhail RGCS. Maidir le réimis dliteanais náisiúnta atá ag teacht salach ar a chéile a mhéid a bhaineann leis an gceist má thagann córas IS faoi dhliteanas docht nó i ndáil leis an éifeacht theoranta a bhíonn ag comhaontuithe conarthacha, tá sé le tuiscint sa Tuarascáil seo go mbíonn tosaíocht ag a fhorálacha i gcónaí. Thairis sin, tá sé mar aidhm aici cúiteamh iomlán a fháil don duine dá ndéanann an t-imlonnaitheoir difear, sular féidir le daoine eile seachas an duine dá ndéantar difear éilimh fhéideartha ar dhliteanas i gcoinne an táirgeora a thabhairt ar aghaidh. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil ar fud an Aontais, ba cheart don imlonnaitheoir cúil - nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo - teacht faoi na rialacha dliteanais céanna leis an táirgeoir, leis an monaróir agus leis an bhforbróir.

Ós rud é nach bhfuil athruithe radacacha ar a gcreataí dliteanais ag teastáil ón Aontas Eorpach agus óna chuid Ballstát, níor cheart go mbrúfadh córais IS muid ónár gcórais árachais

thraidisiúnta. Ní freagairt leormhaith iad sásraí cúitimh arna gcistiú go poiblí ar mhéadú na hIntleachta Saorga. Ní chuirfeadh na córais chúitimh sin ach ualach airgeadais neamhriachtanach ar cháiníocóirí. In ainneoin easpa rochtana ar shonraí faoi éilimh stairiúla ardcháilíochta a bhaineann le córais IS, tá táirgí nua á bhforbairt ag árachóirí Eorpacha cheana féin de réir limistéir agus cumhdaigh de réir mar a thagann forbairt bhreise ar an teicneolaíocht. Má tá gá le cumhdach nua, tiocfaidh an margadh árachais ar réiteach leormhaith. Níor cheart go gcreidfí gach uile fhocal de chásanna hipitéiseacha a úsáidtear chun brústocaireacht a dhéanamh le haghaidh córais phoiblí bhreise. Má tharlaíonn lá amháin teagmhas díobhála do shlua mór daoine amhail ionsaí mór sceimhlitheoireachta, d'fhéadfadh na Ballstáit cistí cúitimh speisialta a bhunú ar feadh tréimhse theoranta ama mar a tharla san am atá thart. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear leis an Tuarascáil seo ach go mbeadh árachas dliteanais leormhaith (atá inchomparáide leis an oibleagáid a bhunaítear leis an Treoir maidir le Mótarárachas) ina seilbh ag imlonnaitheoirí chórais ardriosca IS, lena gcumhdaítear na méideanna agus a mhéid is féidir cúiteamh a dhéanamh a chinntear leis an Rialachán seo. Creideann an Rapóirtéir go láidir go ndéanfar sa mhargadh árachais an cumhdach árachais atá ann cheana a oiriúnú nó táirgí nua éagsúla a chur le chéile a chumhdóidh go leithligh cineálacha éagsúla chórais IS in earnálacha éagsúla.

Lena chur chuige cúng soiléir maidir le rialacha dliteanais d'imlonnaitheoirí na gcóras IS, tá an Rapóirtéir lánchinnte gur cheart go n-aimseofaí an coimheá idir an tsochaí a chosaint go héifeachtach agus an teicneolaíocht spreagúil seo a nuáil tuilleadh. Is rómhinic nach ndéantar trácht ach ar na rioscaí a bhaineann leis an Intleacht Shaorga. Cinnte, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as córais IS. Ach an mian linn ligean do chomharthaí diúltacha — a tharlaíonn i gcás gach teicneolaíochta ó fhóin phóca go cumhacht núicléach — srian a chur lenár n-úsáid ghinearálta? An mian linn neamhaird a thabhairt ar thairbhe chórais IS inár gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, nó chun ár gcóras cúraim sláinte a fheabhsú nó chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú ar bhealach níos fearr? Moltar go láidir sa Tuarascáil seo díriú ar éifeachtaí dearfacha na gcóras a shaothrú, agus coimircí láidre a fhorbairt ag an am céanna. Ar an gcaoi sin, ba cheart gach dlí nua maidir leis an Intleacht Shaorga a scríobh i bhfoirm rialachán. Ós rud é go bhfuil dinimic mhear trasteorann ag baint leis an réimse digiteach, ní mór ár Margadh Aonair Digiteach Eorpach a chomhchuibhiú go hiomlán chun breith suas leis an iomaíocht dhigiteach dhomhanda.

Tá sé ríthábhachtach a chur i bhfios go láidir gur cheart an plé polaitiúil ar an Rialachán seo a dhéanamh in éineacht leis an Athbhreithniú is gá ar an Treoir um Dhliteanas Táirgí (TDT). Chun córas nua dliteanais a thabhairt isteach d'imlonnaitheoir na gcóras IS, ní mór an chaibidlíocht maidir leis an Tuarascáil seo agus an tAthbhreithniú ar TDT a chomhordú go dlúth ó thaobh substainte de agus ó thaobh cur chuige de ionas gurb ionann iad le chéile agus creat dliteanais comhsheasmhach do chórais IS, agus leas an táirgeora, leas an imlonnaitheora agus leas an duine lena mbaineann a chothromú, i dtaca leis an riosca dliteanais. Is léir, dá bhrí sin, go bhfuil gá le hoiriúnú agus sruthlíniú a dhéanamh ar na sainmhínithe ar chóras IS, ar imlonnaitheoir, ar tháirgeoir, ar fhorbróir, ar locht, ar tháirge agus ar sheirbhís i ngach tionscnamh reachtach.

An meall mór ar deireadh, ba cheart go dtuigfeadh na gníomhaithe polaitiúla nach dtiocfaidh deireadh leis an dul chun cinn teicneolaíoch le linn a gcaibidlíochtaí reachtacha. Má táimid dáiríre faoin sprioc atá againn leanúint den digiteáil, ár gceannasacht dhigiteach a choimeád agus ról tábhachtach a bheith againn sa ré dhigiteach, ní mór do na hInstitiúidí Eorpacha teachtaireacht pholaitiúil shoiléir a chur chuig ár dtionscal rathúil agus chuig ár dtaighdeoirí cumasacha atá ag obair ar chórais nua IS. Go dtí go mbeidh an fhreagairt reachtach ar theacht chun cinn na hIntleachta Saorga ina dlí, ba cheart don tionscal agus do thaighdeoirí a bheith in ann nuálaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha atá ann faoi láthair agus ba cheart go

dtairbheoidís d’idirthréimhse cúig bliana. Mura ndeonfaimid an chinnteacht pleanála dóibh, caillfidh an Eoraip amach ar an iliomad teicneolaíochtaí, táirgí nó seirbhísí fíorspéisiúla nua.

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir le Córas dliteanais shibhialta i gcomhair na hintleachta saorga (2020/2014(INL))

Rapóirtéir don tuairim: Svenja Hahn

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

## MOLADH

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach:

– na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go mbeidh ról méadaitheach inár saol laethúil ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, amhail an Intleacht Shaorga (IS), Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus Seirbhísí (IoT/IoS) nó an róbataic;

B. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainn ag na teicneolaíochtaí digiteacha sin atá ag teacht chun cinn rannchuidiú le forbairt nuálaíochta i roinnt mhaith earnálacha agus tairbhí a chur ar fáil do thomhaltóirí trí tháirgí agus seirbhísí nuálacha, do ghnólachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí fheidhmíocht bharrfheabhsaithe agus iomaíochas méadaithe, agus don riarachán poiblí, trí sheirbhísí poiblí feabhsaithe, níos cuimsithí agus níos saincheaptha;

C. de bhrí go mb'fhéidir go gcruthódh úsáid, imlonnú agus forbairt na hintleachta saorga agus theicneolaíochtaí digiteacha eile atá ag teacht chun cinn rioscaí agus dúshláin don chreat dliteanais atá ann faoi láthair, nach gá dó a bheith in oiriúint do na feidhmeanna nua sin, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'iontaoibh agus de chosaint na dtomhaltóirí;

D. de bhrí gur dhá shásra chomhlántacha iad sábháilteacht táirgí agus dliteanas táirgí a shaothraíonn an sprioc beartais chéanna, is é sin margadh aonair feidhmiúil le haghaidh earraí agus seirbhísí, agus go bhfuil moltaí sa tuairim seo maidir le coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chreat dliteanais an Aontais i bhfianaise na tábhachta méadaithe a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn;

E. de bhrí go gcabhraíonn sásraí láidre dliteanais lena spreagtar leigheasanna ar dhamáiste

agus ar dhíobháil le cosaint níos fearr a thabhairt do shaoránaigh agus do thomhaltóirí ar dhamáiste agus ar dhíobháil, muinín a chruthú as teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh gnólachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), rud a chuireann ar a gcumas nuáil a dhéanamh;

F. de bhrí, chun glacadh leis an intleacht shaorga a mhéadú, gur cheart go gcuirfeadh sochair theoiriciúla IS go héifeachtach leis an rathúnas agus leis an bhforbairt;

G. de bhrí gur cheart an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis na himpleachtaí sábháilteachta agus dliteanais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus an róbataic[1] agus an Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga – Cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaoibhe[2] a mheas mar bhonn don reachtaíocht Eorpach a bheidh ann amach anseo;

1. á chur in iúl gur geal léi aidhm an Choimisiúin creat dlíthiúil an Aontais a chur in oiriúint d'fhorbairtí, d'imlonnaithe agus d'úsáidí teicneolaíochta nua na hintleachta saorga agus na dteicneolaíochtaí digiteacha eile atá ag teacht chun cinn, agus ar an gcaoi sin ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí ó dhamáiste agus ó dhíobháil a dhéantar de bharr teicneolaíochtaí nua atá bunaithe ar an intleacht shaorga, ar an róbataic agus ar theicneolaíochtaí gaolmhara, agus cothromaíocht a choinneáil ag an am céanna agus é mar chuspóir aige táirgí tionsclaíocha agus tomhaltais a dhigitiú agus tacaíocht a thabhairt don nuálaíocht theicneolaíoch;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an creat dliteanais atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta, agus go háirithe Treoir 85/374/CEE ón gComhairle[3] (an Treoir maidir le Dliteanas Táirgí – 'PLD'), chun é a chur in oiriúint don saol digiteach;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an PLD, trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) nó an róbataic, lena n-áiritheofar ardleibhéal cosanta éifeachtaigh do thomhaltóirí mar aon le deimhneacht dhlíthiúil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, agus costais agus rioscaí arda le haghaidh FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta á seachaint ag an am céanna;

4. á thabhairt chun suntais gur cheart go mbeadh aon nuashonrú ar an gcreat dliteanais táirgí fite fuaite leis an nuashonrú ar Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] (an Treoir maidir le Sábháilteacht Táirgí) chun a áirithiú go ndéanfar prionsabail na sábháilteachta agus na slándála trí dhearadh a chomhtháthú sna córais intleachta saorga;

5. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh sé d'aidhm ag aon athbhreithniú ar an gcreat dliteanais atá ann cheana rialacha maidir le dliteanas agus cosaint tomhaltóirí a chomhchuibhiú tuilleadh chun cothrom na Féinne a áirithiú agus chun

[1] COM (2020) 64
[2] COM(2020) 65
[3] Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).
[4] Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO L 11, 15.1.2002, lch. 4):

míchothromaíochtaí i gcosaint na dtomhaltóirí agus in ilroinnt an mhargaidh aonair a sheachaint;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an bhféadfadh rialachán maidir le dliteanas ginearálta i leith táirgí cur leis an aidhm sin; á chur i bhfáth, áfach, a thábhachtaí atá sé a áirithiú go leanfaidh rialáil an Aontais de bheith teoranta d'fhadhbanna atá sainaitheanta go soiléir agus a bhfuil réitigh indéanta ina leith agus a fhágann gur féidir tuilleadh forbairtí teicneolaíocha a dhéanamh, lena n-áirítear na forbairtí atá bunaithe ar bhogearraí foinse oscailte agus saor in aisce; á thabhairt chun suntais gur cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir iomlán leis an reachtaíocht is infheidhme, lena n-áirítear Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5];

7. á iarraidh ar an gCoimisiún an creat maidir le dliteanas i leith táirgí a thabhairt cothrom le dáta trí na dúshláin shonracha a bhaineann le digitiú le haghaidh dlí dliteanais a chur san áireamh; á mheas go bhféadfadh dúshláin teacht chun cinn, mar shampla, i ngeall ar tháirgí a bheith idirnasctha, ag brath ar shonraí nó leochaileach maidir le rioscaí cibearshlándála;

8. á chur i bhfios go láidir, go háirithe, gur gá próisis a chur san áireamh i bhfeidhmchláir IS, arbh fhéidir nach ndéanfaí doiciméadú maith orthu, nó a d'fhéadfadh tarlú go huathrialach tar éis don táirge a bheith curtha ar an margadh;

9. ag tathant ar an gCoimisiún an sainmhíniú ar 'tháirgí' faoi PLD a shoiléiriú, trína chinneadh an dtagann ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha faoina raon feidhme agus chun machnamh a dhéanamh ar choincheapa amhail 'táirgeoir', 'damáiste' agus 'fabht' a chur in oiriúint; á chur i bhfios go láidir gur gá *acquis* na dtomhaltóirí a chur san áireamh agus an méid sin á dhéanamh agus go háirithe Treoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (an Treoir maidir le hInneachar Digiteach) agus Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (an Treoir maidir le Díol earraí);

10. ag moladh nár cheart a phearsantacht dhlítheanach féin a dheonú do IS; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin a scrúdú an gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dliteanais táirgí chun daoine díobhálaithe a chosaint agus a shlánú go héifeachtúil maidir le táirgí a cheannaítear mar chuach le seirbhísí gaolmhara agus chun a mheas go bhfuil rialacha maidir le príobháideachas trí dhearadh agus maidir le slándáil trí dhearadh a bheith ag súil go réasúnta le tomhaltóirí maidir lena dtáirgí digiteacha;

11. á thabhairt chun suntais go dtagann margaí ar líne, ag gníomhú dóibh mar allmhaireoirí nó mar sholáthraithe na dtáirgí a dhíoltar ar líne sa slabhra soláthair, faoi réim PLD agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad faoi dhliteanas i leith damáiste a tharlaíonn mar gheall ar fhabht sna táirgí a dhíol siad, seachas i gcás ina ngníomhaíonn siad mar sholáthróir

---

[5] Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach (IO L 130, 17.5.2019, lch. 92).

[6] Treoir (AE) 2019/770 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar (IO L 136, 22.5.2019, lch. 1).

[7] Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun earraí a dhíol, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28).

agus ina sainaithnítear an táirgeoir, i gcomhréir le forálacha ábhartha PLD;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas, i ndlúthchomhar leis na coigeartuithe comhfhreagracha a d’fhéadfaí a dhéanamh ar chreat sábháilteachta an Aontais, an bhfuil coincheap an 'ama ina gcuirtear an táirge i gcúrsaíocht' oiriúnach don fheidhm chun teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn, agus an bhféadfadh freagracht agus dliteanas an táirgeora dul níos faide ná an coincheap sin, agus é á chur san áireamh go bhféadfaí táirgí atá á dtiomáint ag an intleacht shaorga a athrú nó a athchóiriú faoi rialú an táirgeora tar éis dóibh a bheith curtha ar an margadh, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le fabht agus le damáiste a bheith ann dá bharr;

13. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leithdháileadh cothrom agus éifeachtúil dliteanais a áirithiú i slabhra na n-idirbheart tráchtála chun dliteanas a shannadh ar an mbealach is iomchuí; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé a bheith deacair do thomhaltóirí an fabht ar tháirge a ndearnadh damáiste dó a chruthú mar gheall ar chastacht, nascacht agus teimhneacht na dtáirgí bunaithe ar intleacht shaorga agus ar theicneolaíochtaí nua, mar nach féidir glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis riachtanach nó an t-eolas teicniúil sonrach ar fad ag tomhaltóirí;

14. á chur i bhfios go láidir, dá bhrí sin, a ábhartha atá sé go bhféadfadh tomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh nó a ndearnadh damáiste dá maoin a chruthú go ndearna locht ar tháirge damáiste, fiú má tá bogearraí tríú páirtí i gceist nó is cúis le fabht, mar shampla i gcás ina bhfuil táirgí mar chuid de thimpeallacht chasta idirnasctha in Idirlíon na Rudaí Nithiúla;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear an dualgas cruthúnais maidir le díobháil a eascraíonn as teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn i gcásanna a shainítear go soiléir agus tar éis measúnú cuí a dhéanamh, chun tomhaltóirí a ndearnadh díobháil dóibh nó a ndearnadh damáiste dá maoin a chumhachtú chun a gcearta a chosaint agus, ag an am céanna, mí-úsáid a chosc agus deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí, chomh maith le cothroime a áirithiú agus neamhshiméadrachtaí faisnéise a mhaolú a chuireann isteach ar staid na ndaoine díobhálaithe;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht oibleagáid a thabhairt isteach do tháirgeoirí teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn chun a dtáirgí a fheistiú le modhanna taifeadta faisnéise maidir le hoibriú na teicneolaíochta, i gcomhréir leis na forálacha cosaint sonraí is infheidhme maidir le cosaint rún trádála agus i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le rúin trádála a chosaint, ag cur san áireamh, *inter alia*, an dóchúlacht go dtiocfaidh riosca teicneolaíochta chun cinn, an bhfuil an dualgas sin iomchuí agus comhréireach agus an indéantacht theicniúil agus na costais a bhaineann leis; ag moladh go spreagfaí toimhde infhrisnéise maidir le dliteanas ón táirgeoir mar thoradh ar mhainneachtain an dualgas seo a chomhlíonadh nó diúltú rochtain réasúnach a thabhairt don tomhaltóir atá i gceist ar an bhfaisnéis sin;

17. á thabhairt chun suntais gur gá cur chuige rioscabhunaithe maidir leis an intleacht shaorga a bheith ann laistigh den chreat dliteanais atá ann cheana, lena gcuirtear san áireamh leibhéil éagsúla riosca do thomhaltóirí in earnálacha sonracha agus úsáidí ar leith de IS; á chur i bhfios go láidir gur cheart cur chuige den sórt sin, a d’fhéadfadh roinnt leibhéal riosca a chuimsiú, a bheith bunaithe ar chritéir shoiléire agus ar shainiú

iomchuí ar ardriosca agus gur cheart foráil a dhéanamh do dheimhneacht dhlíthiúil leis;

18. á mheas, thairis sin, gur cheart iad siúd a bhfuil baint acu leis na céimeanna éagsúla d'fhorbairt, d'imlonnú agus d'úsáid na gcóras atá bunaithe ar IS a chur san áireamh i gcomhréir lena ndliteanas ina gcaidreamh inmheánach; á chur i bhfáth, áfach, i ndáil leis an bpáirtí a ndearnadh díobháil dó nó a ndearnadh damáiste dá mhaoin, gur cheart dliteanas comhpháirteach agus leithleach na ngníomhaithe éagsúla sin a ráthú; ag moladh go bhfeabhsófaí inrianaitheacht táirgí, mar shampla trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte, amhail blocshlabhra, chun iad siúd a bhfuil baint acu le céimeanna éagsúla a shainaithint níos fearr;

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil inmhínitheacht, inléirmhínitheacht agus inrianaitheacht na gcóras IS ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfar freagrachtaí a leithdháileadh ar bhealach leordhóthanach, éifeachtúil agus cóir le sásraí dliteanais;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar chóras dliteanais docht ar leith, atá fós comhlántach, a thabhairt isteach le haghaidh córais intleachta saorga a bhfuil baol mór ann go ndéanfar dochar nó damáiste do dhuine amháin nó níos mó nó dá maoin ar bhealach atá randamach agus dodhéanta a thuar roimh ré, agus aird á tabhairt, *inter alia*, ar an tionchar is dócha a bheidh aige sin ar chosaint na saoránach agus na dtomhaltóirí ar dhíobháil, cumas gnólachtaí, go háirithe FBManna, nuálaíocht a dhéanamh, comhleanúnachas chreat sábháilteachta agus dliteanais an Aontais agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta; á mheas gur cheart go n-áiritheofaí leis an gcóras sin go gcúiteofaí íospartaigh go héifeachtach as damáiste a dhéanann córais atá á dtiomáint ag an intleacht shaorga;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta nithiúla a mholadh, amhail clárlann cásanna dliteanais táirgí, chun trédhearcacht a fheabhsú agus chun faireachán a dhéanamh ar tháirgí lochtacha atá i gcúrsaíocht san Aontas; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé riachtanach a áirithiú go bhfuil ardleibhéal cosanta don tomhaltóir ann i ndáil leis na táirgí a d'fhéadfaí a cheannach, agus le hardleibhéal faisnéise fúthu.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 7.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Hynek Blaško, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Petra De Sutter, Carlo Fidanza, Evelyne Gebhardt, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Kris Peeters, Anne-Sophie Pelletier, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Maria da Graça Carvalho, Edina Tóth, Stéphanie Yon-Courtin |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| PPE | Pascal Arimont, Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Kris Peeters, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Edina Tóth, Marion Walsmann |
| S&D | Alex Agius Saliba, Brando Benifei, Biljana Borzan, Evelyne Gebhardt, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Leszek Miller, Christel Schaldemose |
| RENEW | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Stéphanie Yon-Courtin |
| ID | Alessandra Basso |
| Na Glasaigh/SCE | David Cormand, Petra De Sutter, Alexandra Geese, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |
| ECR | Adam Bielan, Carlo Fidanza, Beata Mazurek |
| EUL/NGL | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| NI | Marco Zullo |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Hynek Blaško, Markus Buchheit, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| ECR | Eugen Jurzyca |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

15.7.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

le moltaí don Choimisiún i leith réimeas dliteanais shibhialta le haghaidh intleacht shaorga (2020/2014(INL))

Rapóirtéir don tuairim: Cláudia Monteiro de Aguiar

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

## MOLADH

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint d'Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Threoir 85/374/CEE[1],

– ag féachaint do Riail 56 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainneacht ag intleacht shaorga ('IS') agus ag teicneolaíochtaí digiteacha eile atá ag teacht chun cinn ár sochaithe agus ár ngeilleagair a bhunathrú chun feabhais; mar sin féin, ní féidir an fhéidearthacht maidir le damáiste, díobháil nó bás daoine arb í oibríocht na dteicneolaíochtaí sin is siocair léi a chur as an áireamh go hiomlán;

B. de bhrí gur cuireadh raon céimeanna uathoibrithe agus IS i bhfeidhm in earnálacha éagsúla an tionscail iompair; thairis sin, is éard atá i gceist le IS úsáid a bhaint as go leor cineálacha teicneolaíochtaí amhail feithiclí uathrialaitheacha, córais aerárthaí gan foireann agus réitigh chliste um bainistiú tráchta;

C. de bhrí go bhfuil creat dliteanais an Aontais á chomhlánú ag réimis náisiúnta dliteanais agus gur cheart go dtabharfaidís araon léiriú ar chastacht na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun an leibhéal is airde cosanta a ráthú agus tacú leis an nuálaíocht theicneolaíoch ag an am céanna; de bhrí nach bhfuil réimeas comhchuibhithe um dhliteanas sibhialta ag an Aontas le haghaidh táirgí IS; de bhrí gur cheart úsáid agus glacadh na hintleachta saorga a spreagadh in AE mar phríomhthosaíocht ag an Aontas

[1] Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

agus mar bhunchuspóir chun an creat dliteanais le haghaidh táirgí IS a fhorbairt; de bhrí go léirítear i sonraí gur de bharr earráid an duine, ar a laghad, is cúis le suas le nócha faoin gcéad de thionóiscí tráchta; de bhrí gur cheart go mbeadh feithiclí uathrialaitheacha faoi réir creat eiticiúil; de bhrí go bhfuil gá, in ainneoin go bhféadfadh tabhairt isteach creata den sórt sin earráidí sa chinnteoireacht agus sna halgartaim a chosc, le réimeas chomhchuibhithe um dhliteanas chun a áirithiú go ndéanfar gach dochar a dhéanann córais IS a chúiteamh go hiomlán;

D. de bhrí gur cheart do reachtaíocht an Aontais agus don reachtaíocht náisiúnta ardleibhéal sábháilteachta táirgí agus seirbhísí agus bainistiú fónta córais a áirithiú *ex ante* agus feadh saolré táirge araon, agus éascú á dhéanamh ar chúiteamh na n-íospartach *ex post*; de bhrí gur cheart go leanfadh forbairt theicneolaíoch in IS de bheith ina táirgí atá dírithe ar an duine agus gur cheart go gcuideodh na táirgí agus na feidhmeanna a úsáideann IS le forbairt dhaonna agus caighdeán maith beatha;

1. á chur i bhfios go láidir gur féidir IS a chur i bhfeidhm ar leibhéil éagsúla i bhfeithiclí, i mbonneagar iompair agus i measc na modhanna iompair agus go bhfuil tionchar tábhachtach aige ar leibhéal neamhspleáchais an chórais, ó rialú iomlán tiománaí go neamhspleáchas iomlán, agus, dá bhrí sin, go ndéantar an dliteanas sibhialta a aistriú de réir a chéile ón tiománaí go dtí páirtithe eile, dá mhéad neamhspleáchais atá ag na córais tiomána uathoibrithe; á iarraidh go dtabharfadh an tAontas sainmhínithe soiléire le haghaidh gach cineál móid iompair agus bonneagair a úsáideann bogearraí chomh maith le haicmiú riosca comhfhreagrach chun tacú le sásra dliteanais chun saincheisteanna freagrachta a shoiléiriú chun na caighdeáin sábháilteachta agus slándála is airde a áirithiú, agus á chur i bhfáth go bhfuil an tsábháilteacht ríthábhachtach in earnáil an iompair agus go bhféadfaí cur síos a dhéanamh uirthi mar thaobh amháin den bhonn arb é an taobh eile de dliteanas;

2. á mheabhrú go bhfuil teicneolaíochtaí IS á gcomhtháthú ag an earnáil iompair le blianta fada, go háirithe le huathoibriú oibríochta traenach (ATO) a thabhairt isteach, lena n-áirítear i gceantair uirbeacha ina bhfuil méadú tagtha ar infhaighteacht an chórais, ar acmhainn gréasáin agus ar éifeachtúlacht oibríochtúil ag oibríochtaí atá go hiomlán uathoibrithe, gan tiománaí;

3. á chur i bhfios go láidir gur féidir le feidhmiúlachtaí uathoibrithe feabhsuithe suntasacha sábháilteachta a chruthú sa mheántéarma agus san fhadtéarma chomh maith le hiarmhairtí neamhbheartaithe, amhail i ndáil le cibearshlándáil, príobháideachas sonraí; á thabhairt dá aire go bhféadfaí IS a úsáid freisin, in ainneoin gur dúshlán é leibhéil éagsúla uathoibrithe a bheith ann, chun slabhraí lóistíochta a phleanáil agus a threorú, agus chun éifeachtúlacht, athléimneacht, iontaofacht, inbhuanaitheacht, idir-inoibritheacht agus solúbthacht a mhéadú, agus go bhfuil acmhainneacht ollmhór aici do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine atá faoi mhíchumas luaineachta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le grinnscrúdú breise faoi réimeas dliteanais shibhialta de chuid an Aontais le haghaidh táirgí IS chun sábháilteacht daoine faoi mhíchumas agus daoine atá faoi mhíchumas luaineachta a áirithiú;

4. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé deighilt shoiléir freagrachtaí a shainiú idir forbróirí bogearraí, monaróirí comhpháirteanna éagsúla, soláthraithe seirbhíse agus sonraí, oibreoirí agus úsáideoirí deiridh chun a áirithiú go mbeidh an tsábháilteacht táirgí is fearr is féidir ann agus go n-urramófar cearta na dtomhaltóirí; á chur i bhfios gur gá

leithdháileadh iomchuí na rioscaí a thagann as idirghníomhaíochtaí digiteacha nua idir bonneagar agus feithiclí a bhunú agus réimeas cóir dliteanais a chur i bhfeidhm maidir le clistí bogearraí oibríochtúla, clistí líonra agus rioscaí a bhaineann le roghanna ríomhchláraithe nach gcumhdaítear go leordhóthanach faoi láthair;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le cur chuige rioscabhunaithe i gcás feidhmchláir a bhaineann le IS san earnáil iompair a bhfuil próifíl áirithe ardriosca acu, ag brath ar leibhéal uathoibrithe agus féinfhoghlama an chórais; á chur i bhfios go bhfuil gá le ceanglais dhlíthiúla le haghaidh fheidhmchláir IS a bhfuil próifíl ardriosca ag baint leo; á thabhairt dá aire, áfach, nár cheart an cur chuige sin a bhunú ar earnálacha áirithe, amhail earnáil an iompair, a shainaithint roimh ré, amhail earnálacha ina bhfuil ISanna ardriosca á n-úsáid, ach ar mheasúnuithe a dhéantar ar réimsí sonracha agus atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá leis na ceanglais sin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais chun go n-áiritheofar an leibhéal is airde sábháilteachta táirgí agus an leibhéal is ísle riosca d'úsáideoirí agus córais IS á n-oibriú acu, agus an ról bunúsach atá ag prionsabal an réamhchúraim, a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE, maidir le hanailís riosca agus bainistiú riosca; á iarraidh go dtabharfar freagairt leordhóthanach don ghá atá le cur chuige oiriúnach maidir le cosaint sonraí agus maidir le déileáil leis na rioscaí a bhaineann le haiceáil agus le cibearchoireacht;

6. á thabhairt dá aire go bhfuil an táirgeoir fós faoi dhliteanas, faoin rialachán reatha maidir le sábháilteacht táirgí, mura gcruthófar a mhalairt, agus is ar tháirgeoirí agus/nó ar na forbróirí atá an dualgas cruthúnais; á chur i bhfáth gur cheart an prionsabal sin a leathnú chun táirgí IS a chumhdach; á mholadh, i gcásanna ina gcruthófar nach bhfuil an táirgeoir agus/nó an forbróir faoi dhliteanas, gur cheart gurb é an t-oibreoir a bhfuil leibhéal níos airde rialaithe aige ná úinéir nó úsáideoir táirge nó seirbhíse iarbhír a bhfuil AI feistithe air an páirtí is fearr chun na rioscaí a bhainistiú agus, ar an gcaoi sin, ba cheart go ndéanfaí an dualgas cruthúnais a aistriú chuig an oibreoir; á thabhairt dá aire gur cheart gur ar an ngníomhaí is fearr atá in acmhainn aghaidh a thabhairt ar an riosca a bheadh gach oibleagáid; á chur i bhfáth gur bunphrionsabal é toiliú an tomhaltóra chun seirbhísí iompair AI a fhorbairt; ag tathant ar an gCoimisiún modhanna a chur ar bun chun na seirbhísí sin a dheimhniú; á thabhairt dá aire gur gá freagracht a dheighilt go soiléir idir na páirtithe éagsúla lena mbaineann chun saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais a úsáideann teicneolaíochtaí intleachta saorga a chosaint, gan beann ar na páirtithe a bheith bunaithe san Aontas nó gan bheith (éifeacht sheach-chríochach);

7. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá go ráthófar ar a laghad an leibhéal céanna sábháilteachta táirgí agus atá ann faoi láthair, agus sprioc 'fís nialais' an Aontais á cur san áireamh, chun é a dhéanamh níos éasca d'íospartaigh tionóiscí leigheasanna a fháil, chun nach méadófar na costais dlíthíochta atá ann faoi láthair agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint, go háirithe i gcás gnólachtaí atá ag margú a gcuid táirgí san Aontas agus ar fud an domhain; ina leith sin, ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cúiteamh tapa a sholáthar d'íospartaigh gan beann ar shlabhra an dliteanais;

8. á chreidiúint, in ainneoin leibhéal uathoibriú agus chomhtháthú IS i gcórais iompair agus i bhfeithiclí, nach mór go mbeadh an fhreagracht i gcónaí ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus ag an am céanna infheistíocht agus glacadh ceart na teicneolaíochta a spreagadh;

9. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh oiliúint cheart ar thiománaithe

agus go mbeidh siad i gcónaí eolach go hiomlán ar leibhéal uathoibrithe feithicle agus ar a leibhéal dliteanais, agus gur cheart iad a chur ar an eolas faoi chórais IS a gcuid feithiclí agus faoi theorainneacha gaolmhara na gcóras sin amhail gníomhachtú, díghníomhachtú, cliseadh; thairis sin, gur cheart go meabhródh gnéithe infheithicle don tiománaí ar bhonn tréimhsiúil go bhfuil sé nó sí i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar stádas na feithicle agus rabhaidh shoiléire a thabhairt don tiománaí faoi theorainneacha chóras IS; á chur i bhfáth nach féidir dliteanas a chur ar thiománaithe má fhaightear amach go bhfuil córais tiomána lán-uathoibrithe úsáidte acu go dleathach;

10. á thabhairt dá aire gur gá teicneolaíocht taifeadta imeachtaí a imscaradh, a bheidh le húsáid i gcás tionóiscí tromchúiseacha, agus lánurraim á tabhairt do dhlíthe maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas, agus lenar féidir duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach a aimsiú; á thabhairt chun suntais an ról lárnach a bheidh ag stóráil, roinnt agus bainistiú sonraí d’imscaradh IS i soghluaisteacht agus á chur i bhfáth nár cheart taifeadáin a úsáid mar chórais bhuanrianaithe in imthosca ar bith; á iarraidh go ndéanfar tuilleadh taighde agus forbartha trí mhodhanna poiblí agus príobháideacha araon agus go ndéanfar níos mó tástála, chun go bhfeabhsófar sábháilteacht táirgí agus mar thoradh air sin sábháilteacht tráchta, ach, ar a laghad, chun go gcuirfear sonraí nithiúla ar fáil chun cabhrú le forbairt bhreise; á thabhairt dá aire go bhfuil gá le bonneagar bunúsach úrscothach, Córas Cliste Iompair, a bheidh cothrom le dáta, agus sonraí soiléire, léirmhínithe, chun teagmhais a theorannú a mhéid is féidir;

11. á iarraidh go ndéanfar tuilleadh anailíse ar an ngá atá le Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] a oiriúnú i ngeall ar fheidhmiúlachtaí uathoibrithe feithiclí; ag tathant ar an gCoimisiún measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcreat rialála Eorpach iompair chun a áirithiú gur féidir leis freagairt do na dúshláin sábháilteachta agus dliteanais a bhaineann le comhtháthú theicneolaíochtaí IS; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, féachaint an bhféadfaí ceanglais maidir le sábháilteacht táirgí a áireamh i reachtaíocht an Aontais lena dtabharfaí aghaidh ar na rioscaí do shábháilteacht sonraí fabhtacha;

12. á chur i bhfios go láidir, i gcás tionóisce nó sárú ar reachtaíocht tráchta, nach mór scéimeanna dliteanais a bheith ceaptha go cúramach le haghaidh gach leibhéal uathoibrithe agus comhtháthaithe IS agus go mbeidís curtha in iúl go soiléir do na húsáideoirí chun aistriú rianúil ó dhliteanas iomlán an tiománaí go dliteanas iomlán an mhonaróra agus an oibreora a áirithiú;

13. á thabhairt dá aire, i gcás córais gan foireann sa ghréasán iompair, amhail feithiclí uathoibríocha agus córais aerárthaí gan foireann, go mbraitheann a mhéid a bheifear in ann iad a chomhtháthú isteach sa bhonneagar talún agus san aerspás ar a lán comharthaí agus coinníollacha athraitheacha agus ar aon ghuaiseacha nó bacainní a d’fhéadfadh a bheith ann; á thabhairt dá aire go ndéanfar, leis an méadú sin ar úsáid, go háirithe i gceantair uirbeacha, brú a chur ar an réimeas sibhialta dliteanais atá ann cheana, agus á

[2] Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le ceadúnais tiomána (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18).

[3] Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin (IO L 263, 7.10.2009, lch. 11).

iarraidh mar thoradh air sin go ndéanfar nuashonrú rialta ar léarscáileanna digiteacha, ar chórais bainistithe tráchta agus ar rialacha maidir le comhroinnt sonraí lena soláthrófar tacar éigeantach agus íosta iomchuí faisnéise agus treoracha maidir le húsáid na dtáirgí atá feistithe le IS agus maidir leis an ngréasán bóithre, agus maidir le forbairt cheart agus imlonnú ceart U-Space; á chreidiúint gur cheart go mbeadh an duinelárnacht ina bonn d'aon nuashonrú agus d'aon fhorbairt ar an gcreat rialála a bhaineann le huathoibriú agus comhtháthú IS san earnáil iompair;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a thíolacadh chun cuir chuige rialála ilroinnte ar an leibhéal náisiúnta a sheachaint, agus Treoir 85/374/CEE agus réimis náisiúnta dhliteanais á gcur san áireamh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le creat Aontais maidir le dliteanas sibhialta agus ag cur béim ar an bhfíoras go mbeadh ilroinnt thar a bheith díobhálach d'fhorbairt na dteicneolaíochtaí sin, d'iomaíochas ghnólachtaí an Aontais, go háirithe FBManna, agus go mbainfeadh sí an bonn ó dheimhneacht dhlíthiúil agus ón tsábháilteacht agus go gcuirfeadh sí bac ar chúiteamh tapa d'íospartaigh; á thabhairt dá aire gur cheart go mbeadh an dliteanas ar an ngníomhaí is fearr atá in acmhainn aghaidh a thabhairt ar an riosca, tar éis próis chuí bhreithiúnach.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 14.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Johan Danielsson, Andor Deli, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Elena Kountoura, Julie Lechanteux, Bogusław Liberadzki, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Rovana Plumb, Dominique Riquet, Dorien Rookmaker, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Leila Chaibi, Angel Dzhambazki, Markus Ferber, Carlo Fidanza, Maria Grapini, Roman Haider, Alessandra Moretti |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 49 | + |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Carlo Fidanza, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| GUE/NGL | Leila Chaibi, Kateřina Konečná, Elena Kountoura |
| ID | Marco Campomenosi, Roman Haider, Julie Lechanteux, Philippe Olivier, Lucia Vuolo |
| NI | Mario Furore, Dorien Rookmaker |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Andor Deli, Gheorghe Falcă, Markus Ferber, Jens Gieseke, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Giuseppe Milazzo, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Johan Danielsson, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Maria Grapini, Bogusław Liberadzki, Alessandra Moretti, Rovana Plumb, István Ujhelyi |
| Na Glasaigh/SCEl | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.10.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Manon Aubry, Gunnar Beck, Geoffroy Didier, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Jean-Paul Garraud, Esteban González Pons, Mislav Kolakušić, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Jiří Pospíšil, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Liesje Schreinemacher, Stéphane Séjourné, József Szájer, Marie Toussaint, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Patrick Breyer, Evelyne Gebhardt, Kosma Złotowski |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

| 23 | + |
|---|---|
| PPE | Geoffroy Didier, Esteban González Pons, Jiří Pospíšil, József Szájer, Axel Voss, Javier Zarzalejos |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Evelyne Gebhardt, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Tiemo Wölken |
| RENEW | Karen Melchior, Liesje Schreinemacher, Stéphane Séjourné, Adrián Vázquez Lázara |
| ID | Gunnar Beck, Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton |
| Na Glasaigh/SCEl | Patrick Breyer, Marie Toussaint |
| ECR | Angel Dzhambazki, Kosma Złotowski |
| NI | Mislav Kolakušić |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| GUE/NGL | Manon Aubry |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh